



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2022
(OR. en)**

2021/0114 (COD)

PE-CONS 46/22

**RC 43
COMPET 606
COMER 93
MI 577
CODEC 1103**

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach

RIALACHÁN (AE) 2022/...
Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an ...

maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 114 agus 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ IO C 105, 4.3.2022, lch. 87.

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Samhain 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le margadh inmheánach atá láidir, oscailte agus iomaíoch, cuirtear ar chumas gnóthas Eorpach agus eachtrach araon dul san iomaíocht ar bhonn tuillteanas. Tairbhíonn an tAontas de chóras rialaithe Státchabhrach atá sofaisticiúil agus éifeachtach, arb é is aidhm dó dálaí cothroma a áirithiú do gach gnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach. Leis an gcóras rialaithe Státchabhrach sin, cuirtear cosc ar na Ballstáit Státchabhair a dheonú lena ndéantar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh go míchuí.
- (2) Ag an am céanna, d'fhéadfadh gnóthais, idir ghnóthais phríobháideacha agus ghnóthais phoiblí, atá faoi rialú nó úinéireacht stáit, go díreach nó go hindíreach, fóirdheontais a fháil ó thríú tíortha, ar fóirdheontais iad a úsáidtear ansin, mar shampla, chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhaoiniú sa mhargadh inmheánach in aon earnáil den gheilleagar, amhail rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair phoiblí, nó éadail gnóthas, lena n-áirítear gnóthais a bhfuil sócmhainní straitéiseacha acu amhail bonneagar criticiúil agus teicneolaíochtaí nuálacha. Níl fóirdheontais eachtracha den sórt sin faoi réir rialacha an Aontais maidir le Státchabhair faoi láthair.
- (3) Leis an Rialachán seo, cumhdaítear na hearnálacha eacnamaíocha uile, lena n-áirítear na hearnálacha sin a bhfuil leas straitéiseach don Aontas ag baint leo agus bonneagair chriticiúla, amhail na cinn sin a luaitear in Airteagal 4(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.

¹ Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I, 21.3.2019, lch. 1)

- (4) Is féidir le fóirdheontais eachtracha an margadh inmheánach a shaobhadh agus an bonn a bhaint den chothrom iomaíochta do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla san Aontas. D'fhéadfadh sé sin tarlú go háirithe i gcomhthéacs comhchruinnithe lena mbaineann athrú ar rialú gnóthas de chuid an Aontais, i gcás ina ndéantar comhchruinnithe den sórt sin a mhaoiniú ina n-iomláine nó i bpáirt trí fhóirdheontais eachtracha, nó i gcás ina ndámhtar conarthaí san Aontas d'oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann tairbhe as fóirdheontais eachtracha.
- (5) Ní thugtar aghaidh in aon ionstraim de chuid an Aontais atá ann cheana ar shaobhadh arb iad fóirdheontais eachtracha is cúis leis. Le hionstraimí cosanta trádála, cuirtear ar chumas an Choimisiúin gníomhú nuair a allmhairítear earraí fóirdheonaithe isteach san Aontas, ach ní i gcás ina bhfuil fóirdheontais eachtracha i bhfoirm infheistíochtaí fóirdheonaithe, ná i gcás ina bhfuil seirbhísí agus sreafaí airgeadais i gceist. Faoi Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh, is féidir leis an Aontas réiteach díospóidí idir Stáit a thionscnamh i gcoinne fóirdheontais eachtracha áirithe a dheonaigh comhaltaí EDT agus atá teoranta d'earraí.
- (6) Dá bhrí sin, is gá ionstraimí an Aontais atá ann cheana a chomhlánú le huirlis nua chun déileáil go héifeachtach le saobhadh sa mhargadh inmheánach arb iad fóirdheontais eachtracha is cúis leis chun cothrom iomaíochta a áirithiú. Go háirithe, leis an uirlis nua, comhlánaítear rialacha an Aontais maidir le Státchabhair, rialacha lena ndéileáiltear le saobhadh sa mhargadh inmheánach arb iad fóirdheontais de chuid Ballstáit is cúis leis.

- (7) Tá sé tábhachtach go leagfaí síos rialacha agus nósanna imeachta chun imscrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach go hiarbhir nó lena bhféadfaí an margadh inmheánach a shaobhadh agus, i gcás inarb ábhartha, go gceartófaí an saobhadh sin. Le fóirdheontais eachtracha, d'fhéadfaí an margadh inmheánach a shaobhadh más rud é go mbíonn gnóthas a bhaineann tairbhe as an bhfóirdheontas eachtrach ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas. Le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú cuí an Rialacháin seo, táthar le rannchuidiú le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh in aghaidh saobhadh atá arb iad fóirdheontais eachtracha is cúis leis agus, ar an gcaoi sin, le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais. Dá bhrí sin, leis an Rialachán seo, bunaítear rialacha do na gnóthais uile, lena n-áirítear gnóthais phoiblí atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag Stát, atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas. Tá aird ar leith le tabhairt ar thionchar an Rialacháin seo ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), i bhfianaise thábhacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá á saothrú acu agus i bhfianaise an mhéid a chuireann siad le príomhspríocanna beartais an Aontais bhaint amach.
- (8) Chun cothrom iomaíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus comhsheasmhacht i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo a áirithiú, is é an Coimisiún an t-aon údarás atá inniúil chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar aon fhóirdheontas eachtrach, a mhéid atá sé faoi raon feidhme an Rialacháin seo, in aon earnáil den gheilleagar, ar a thionscnamh féin, agus é ag brath, ar an gcaoi sin, ar fhaisnéis ó gach foinse atá ar fáil. Chun rialú éifeachtach a áirithiú, i gcás sonrach comhchruinnithe móra (cumaisc agus éadálacha) agus nósanna imeachta soláthair phoiblí os cionn tairseacha áirithe, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha bunaithe ar réamhfhógra ón ngnóthas chuig an gCoimisiún.

- (9) Ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a léiriú i bhfianaise reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an reachtaíocht sin a bhaineann le Státchabhair, cumaisc agus soláthar poiblí.
- (10) Ní dochar cur chun feidhme an Rialacháin seo do cheart gach Ballstáit a leasanna slándála bunriachtanacha a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 346 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).
- (11) Ba cheart fóirdheontas eachtrach i gcomhthéacs an Rialacháin seo a thuiscint mar ranníocaíocht airgeadais arna soláthar ag tríú tír go díreach nó go hindíreach, lena dtugtar tairbhe agus atá teoranta do ghnóthas nó tionscal amháin nó níos mó. Coinníollacha carnacha atá sna coinníollacha sin.
- (12) Is féidir ranníocaíocht airgeadais a dheonú trí eintitis phoiblí nó eintitis phríobháideacha. Cibé acu ar sholáthair nó nár sholáthair eintiteas poiblí ranníocaíocht airgeadais, ba cheart é sin a chinneadh de réir an cháis agus aird chuí á tabhairt ar eilimintí amhail saintréithe an eintitis ábhartha agus an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tríú tír ina bhfeidhmíonn an t-eintiteas, lena n-áirítear ról an rialtais i ngeilleagar na tíre sin. Is féidir ranníocaíochtaí airgeadais a dheonú freisin trí eintiteas príobháideach más rud é gur féidir gníomhaíochtaí an eintitis phríobháidigh sin a shannadh don tríú tír. Ar choincheap na ranníocaíochta airgeadais, áirítear raon leathan beart tacaíochta nach bhfuil teoranta d'aistrithe airgeadaíochta, mar shampla, cearta speisialta nó eisiacha a dheonú do ghnóthas gan luach saothair leordhóthanach a fháil i gcomhréir le gnáthdhálaí an mhargaidh.

- (13) Le ranníocaíocht airgeadais, ba cheart tairbhe a thabhairt do ghnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach. Ba cheart a mheas go dtugtar, le ranníocaíocht airgeadais, tairbhe do ghnóthas mura bhféadfaí í a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. Ba cheart a chinneadh gurb ann do thairbhe ar bhonn tagarmharcanna comparáideacha, amhail cleachtas infheistíochta infheisteoirí príobháideacha, rátaí maoinithe is féidir a fháil ar an margadh, cóireáil chánach inchomparáide, nó luach saothair leordhóthanach ar earra ar leith nó ar sheirbhís ar leith. Mura bhfuil tagarmharcanna ar fáil atá inchomparáide go díreach, d'fhéadfaí tagarmharcanna atá ann cheana a choigeartú nó d'fhéadfaí tagarmharcanna malartacha a bhunú bunaithe ar mhodhanna measúnaithe a nglactar leo go ginearálta. Is féidir tairbhí a thabhairt, mar shampla, i gcomhthéacs an chaidrimh arna bhunú idir údaráis phoiblí agus gnóthais phoiblí, más rud é nach gcomhlíontar, le caidreamh den sórt sin, agus go háirithe le haon mhaoiniú ó na húdaráis phoiblí chuig gnóthais phoiblí, gnáthdhálaí an mhargaidh. Glactar leis go bhfuil soláthar nó ceannach earraí nó seirbhísí a dhéantar tar éis nós imeachta tairisceana atá iomaíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir le gnáthdhálaí an mhargaidh. Níor cheart ranníocaíocht airgeadais le gnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach a mheas mar ranníocaíocht lena dtugtar tairbhe nuair a léirítear sa mheasúnú tagarmhairc go bhfaigheadh an gnóthas an tairbhe sin faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. Le praghsáil aistrithe i gcomhthéacs earraí agus seirbhísí a mhalartaítear laistigh de ghnóthas, is féidir tairbhe a thabhairt mura bhfuil an phraghsáil aistrithe sin i gcomhréir le gnáthdhálaí an mhargaidh. Féadfar an tairbhe a thugtar le ranníocaíocht airgeadais a aistriú chuig gnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas.

- (14) Ba cheart an tairbhe a thabhairt do ghnóthas nó tionscal amháin nó níos mó. D'fhéadfaí sainiúlacht an fhóirdheontais eachtraigh a bhunú le dlí nó le gníomh.
- (15) Ba cheart fóirdheontas eachtrach a mheas a bheith deonaithe ón uair a bheidh an tairbhí i dteideal an fhóirdheontas eachtrach a fháil. Ní coinníoll riachtanach é eisíocaíocht iarbhir an fhóirdheontais eachtraigh chun go dtiocfaidh fóirdheontas eachtrach faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (16) Ní fóirdheontas eachtrach í ranníocaíocht airgeadais arna soláthar go heisiach do ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha gnóthais. Mar sin féin, má úsáidtear ranníocaíocht airgeadais le haghaidh gníomhaíocht neamheacnamaíoch chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha an ghnóthais a thras-fhóirdheonú, d'fhéadfadh sé gurb ionann í agus fóirdheontas eachtrach a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Má úsáideann gnóthas ranníocaíochtaí airgeadais, mar shampla i bhfoirm cearta speisialta nó eisiacha, nó ranníocaíochtaí airgeadais a fhaightear mar chúiteamh ar ualach a fhorchuireann údarais phoiblí, chun gníomhaíochtaí eile a thras-fhóirdheonú, d'fhéadfaí a léiriú, leis an tras-fhóirdheonú sin, go soláthraítear na cearta speisialta nó eisiacha gan luach saothair leordhóthanach, nó go bhfuil róchúiteamh á dhéanamh maidir leis an ualach agus, dá bhrí sin, gurb ionann é agus fóirdheontas eachtrach.
- (17) A luaithe a bhunófar gurb ann d'fhóirdheontas eachtrach, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh, de réir an cháis, féachaint an bhfuil saobhadh sa mhargadh inmheánach mar thoradh air. Murab ionann agus Státchabhair a dheonaíonn Ballstát, ní dhéantar fóirdheontais eachtracha a thoirmeasc go ginearálta.

- (18) De bharr easpa trédhearcachta a bhaineann le go leor fóirdheontas eachtrach agus castacht shaol na tráchtála, d'fhéadfadh sé a bheith deacair tionchar fóirdheontais eachtraigh ar leith ar an margadh inmheánach a shainaithint nó a chainníochtú go hiomlán. Chun an saobhadh a chinneadh, dealraíonn sé, dá bhrí sin, gur gá tacar neamh-uileghabhálach táscairí a úsáid. Agus measúnú á dhéanamh aige ar a mhéid is féidir le fóirdheontas eachtrach staid iomaíochta gnóthais a fheabhsú agus i gcás, ar an gcaoi sin, ina bhfuil tionchar diúltach iarbhir nó féideartha ag fóirdheontas eachtrach ar an ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach, d'fhéadfadh an Coimisiún aird a thabhairt ar tháscairí áirithe, lena n-áirítear méid agus cineál an fhóirdheontais eachtraigh, an cuspóir agus na coinníollacha a ghabhann leis an bhfóirdheontas eachtrach chomh maith lena úsáid sa mhargadh inmheánach.
- (19) Agus na táscairí á n-úsáid chun a chinneadh an ann do shaobhadh sa mhargadh inmheánach, d'fhéadfadh an Coimisiún eilimintí éagsúla a chur san áireamh amhail méid an fhóirdheontais eachtraigh i ndearbhbhéarmaí nó i ndáil le méid an mhargaidh nó le luach na hinfheistíochta. Cuir i gcás, is dócha go mbeidh comhchruinniú saobhach má chumhdaítear cuid mhór de phraghas ceannaigh na sprice leis an bhfóirdheontas eachtrach. Ar an gcaoi chéanna, is dócha go mbeidh saobhadh ann mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha lena gcumhdaítear cuid mhór de luach measta conartha atá le dámhachtain i nós imeachta soláthair phoiblí. Más rud é go ndeonaítear fóirdheontas eachtrach do chostais oibriúcháin, dealraíonn sé gur mó an dóchúlacht go mbeadh sé ina chúis le saobhadh ná mar a bheadh dá ndeonófaí é do chostais infheistíochta. D'fhéadfaí a mheas gur lú an dóchúlacht go mbeadh fóirdheontais eachtracha a thugtar do FBManna ina gcúis le saobhadh ná fóirdheontais eachtracha a thugtar do ghnóthais mhóra. Ina theannta sin, ba cheart saintréithe an mhargaidh, agus go háirithe na coinníollacha iomaíochta sa mhargadh, amhail bacainní iontrála, a chur san áireamh.

Maidir le fóirdheontais eachtracha i margaí a bhfuil ró-acmhainneacht mar shaintréith acu nó fóirdheontais eachtracha as a dtagann ró-acmhainneacht trí shócmhainní neamheacnamaíocha a chothú nó trí infheistíocht a spreagadh i méaduithe acmhainneachta nach mbeadh tógtha murach sin, is dócha go mbeidh siad ina gcúis le saobhadh. Maidir le fóirdheontas eachtrach a thugtar do thairbhí agus lena léirítear leibhéal íseal gníomhaíochta sa mhargadh inmheánach, a thomhaistear mar shampla ó thaobh an láimhdeachais a bhaintear amach san Aontas, is lú an dóchúlacht go mbeadh saobhadh ann i gcomparáid le fóirdheontas eachtrach a thugtar do thairbhí a bhfuil leibhéal níos suntasaí gníomhaíochta aige sa mhargadh inmheánach. Ba cheart a mheas, mar riail ghinearálta, nach dócha go ndéanfar, le fóirdheontais eachtracha nach mó ná EUR 4 mhilliún thar thréimhse chomhleanúnach 3 bliana, an margadh inmheánach a shaobhadh de réir bhrí an Rialacháin seo. Maidir le fóirdheontais eachtracha do ghnóthas aonair nach mó ná méid na cabhrach *de minimis* mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún¹ in aghaidh an tríú tír thar thréimhse chomhleanúnach 3 bliana, ba cheart a mheas nach saobhtar leo an margadh inmheánach de réir bhrí an Rialacháin seo.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair *de minimis* (IO L 352, 24.12.2013, lch. 1).

- (20) Ar aon dul le cineálacha áirithe Státchabhrach, is dócha go gcruthófar, le catagóirí áirithe fóirdheontas eachtrach, amhail ráthaíochtaí neamhtheoranta, eadhon ráthaíochtaí nach bhfuil aon teorainn leo maidir le méid nó fad ráthaíochta den sórt sin, saobhadh sa mhargadh inmheánach freisin de bharr a gcineáil. Tá an méid céanna fíor i gcás tairiscint a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, nach féidir údar a thabhairt leis an mbuntáiste, amhail a praghas, le fachtóirí eile. Thairis sin, d'fhéadfadh fóirdheontais i bhfoirm maoiniú onnmhairiúcháin a bheith ina gcúis imní ar leith mar gheall ar a n-éifeachtaí saobhacha, mura bhforáiltear dóibh i gcomhréir le Socrú ECFE maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil. Ós rud é gur dóchúla go gcruthófar, leis na catagóirí fhóirdheontas eachtrach sin, saobhadh sa mhargadh inmheánach, ní gá don Choimisiún measúnú mionsonraithe a dhéanamh bunaithe ar tháscairí. D'fhéadfadh gnóthas a thaispeáint in aon chás nach ndéanfaí, leis an bhfóirdheontas eachtrach atá i gceist, an margadh inmheánach a shaobhadh in imthosca sonracha an cháis.
- (21) Tá na Ballstáit, chomh maith le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, in ann faisnéis a thíolacadh faoi na héifeachtaí dearfacha atá ag fóirdheontas eachtrach, ar cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt uirthi agus an tástáil chothromúcháin á dhéanamh aige. Ba cheart don Choimisiún éifeachtaí dearfacha an fhóirdheontais eachtraigh a mheas ar bhonn na fianaise maidir le héifeachtaí dearfacha den sórt sin arna dtíolacadh le linn an imscrúdaithe. Ba cheart baint a bheith ag na héifeachtaí dearfacha le forbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach. Ba cheart éifeachtaí dearfacha eile a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, ionas nach mbeidh idirdhealú gan údar mar thoradh ar an gcothromú. Ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh freisin ar éifeachtaí dearfacha níos leithne ó thaobh na gcuspóirí beartais ábhartha, go háirithe cuspóirí beartais an Aontais.

Is féidir a áireamh ar na cuspóirí beartais sin, go háirithe, ardleibhéal cosanta comhshaoil agus caighdeán sóisialta, agus taighde agus forbairt a chur chun cinn. Ba cheart don Choimisiún cothromaíocht a aimsiú idir na héifeachtaí dearfacha sin agus éifeachtaí diúltacha fóirdheontais eachtraigh ó thaobh an tsaofa sa mhargadh inmheánach. I gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí, ba cheart don Choimisiún infhaighteacht foinisí malartacha soláthair le haghaidh na n-earraí agus na seirbhísí lena mbaineann a chur san áireamh. D'fhéadfadh sé go dtiocfaí ar an gconclúid, mar gheall ar an gcothromú, gan bearta sásaimh a fhorchur i gcás inar mó éifeachtaí dearfacha an fhóirdheontais eachtraigh ná na héifeachtaí diúltacha a bhaineann leis. I gcás catagóirí fóirdheontas eachtrach a mheastar gur lú seans go saobhfaí an margadh inmheánach leo, is lú an dóchúlacht gur mó na héifeachtaí dearfacha ná na héifeachtaí diúltacha. Má tá na héifeachtaí diúltacha i réim, is féidir leis an tástáil chothromúcháin a bheith ina cuidiú chun cineál agus leibhéal iomchuí na ngealltanas nó na mbearta sásaimh a chinneadh. I gcás ar bith, ós rud é go meastar leis an tástáil chothromúcháin éifeachtaí dearfacha fóirdheontais eachtraigh, níor cheart, mar thoradh ar an tástáil chomhardúcháin sin, toradh a bheith ann don ghnóthas a bheadh níos measa ná mar a bheadh murar cuireadh an tástáil chothromúcháin i bhfeidhm. I gcás ina ndéanann an Coimisiún tástáil chothromúcháin, ba cheart dó a réasúnú a leagan amach sa chinneadh lena ndúntar grinn-imscrúdú.

- (22) I gcás ina ndéanann an Coimisiún scrúdú ar fhóirdheontas eachtrach ar a thionscnamh féin, ba cheart an chumhacht a bheith aige bearta sásaimh a fhorchur ar ghnóthas chun aon saobhadh arb é fóirdheontas eachtrach sa mhargadh inmheánach is cúis leis a leigheas. Ba cheart leigheasanna struchtúracha agus neamhstruchtúracha, agus aisíoc an fhóirdheontais eachtraigh, a bheith mar chuid de na bearta sásaimh sin, agus ba cheart iad a bheith oiriúnach chun an saobhadh atá i gceist a leigheas agus a bheith comhréireach. I gcás ina measann an Coimisiún bearta sásaimh malartacha, lena leigheasfaí an saobhadh go hiomlán agus go héifeachtach le gach ceann díobh, ba cheart don Choimisiún an beart is lú ualach don ghnóthas atá faoi imscrúdú a roghnú.

- (23) Ba cheart an deis a bheith ag an ngnóthas atá faoi imscrúdú gealltanais a thairiscint chun an saobhadh arb é an fóirdheontas eachtrach is cúis leis a leigheas. Má mheasann an Coimisiún go leigheastar leis na gealltanais sin an saobhadh go hiomlán agus go héifeachtach, d'fhéadfadh sé glacadh leo agus iad a dhéanamh ceangailteach trí chinneadh. Sa chás sin, níor cheart don Choimisiún bearta sásaimh a fhorchur.
- (24) D'fhéadfadh an gnóthas atá faoi imscrúdú a thairiscint an fóirdheontas a aisíoc, mar aon leis an ús cuí. Ba cheart don Choimisiún glacadh le haisíocaíocht a thairgtear mar ghealltanais más féidir leis a fháil amach an leigheastar leis an aisíocaíocht an saobhadh go hiomlán, an gcuirtear i gcrích í ar bhealach trédhearcach infhíoraithe agus an bhfuil sí éifeachtach iarbhair, agus an riosca go rachfaí timpeall ar chuspóirí an Rialacháin seo á chur san áireamh.
- (25) Mura dtairgeann an gnóthas atá faoi imscrúdú gealltanais lena ndéanfaí an saobhadh a sainathnódh a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún comhchruinniú nó dámhachtain conartha a thoirmeasc sula dtarlaíonn sé. I gcás inar cuireadh an comhchruinniú chun feidhme cheana féin, go háirithe i gcásanna nach raibh gá le réamhfhógra a thabhairt toisc nár baineadh amach na tairseacha maidir le fógra a thabhairt, is féidir leis an saobhadh a bheith chomh substaintiúil sin nach féidir é a leigheas trí bhearta iompraíochta nó struchtúracha ná trí aisíoc an fhóirdheontais. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cinneadh a dhéanamh an saobhadh a leigheas trí ordú a thabhairt do na gnóthais an comhchruinniú a dhíscaoileadh.

- (26) D'fhéadfadh an gnóthas atá faoi imscrúdú a thairiscint nó d'fhéadfadh an Coimisiún, i gcás ina bhfuil sé comhréireach agus i gcás inar gá, ceangal a chur ar na gnóthais atá faoi imscrúdú a chur in iúl don Choimisiún go mbeidh siad rannpháirteach i gcomhchruinnithe nó nósanna imeachta soláthair phoiblí a dhéanfar san Aontas amach anseo ar feadh tréimhse iomchuí ama. Ní féidir, mar thoradh ar thíolacadh faisnéise den sórt sin nó mar thoradh ar an bhfreagra nó easpa freagartha ón gCoimisiún, ionchais dhlísteanacha a bheith ag an ngnóthas nach gcuirfidh an Coimisiún, tráth níos déanaí, tús le himscrúdú ar fhóirdheontais eachtracha fhéideartha chuig an ngnóthas atá rannpháirteach sa chomhchruinniú nó sa nós imeachta soláthair phoiblí.
- (27) Ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún, ar a thionscnamh féin, scrúdú a dhéanamh ar aon fhaisnéis faoi fhóirdheontais eachtracha. Ba cheart do na Ballstáit agus d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon chomhlachas a bheith in ann faisnéis a thabhairt don Choimisiún faoi fhóirdheontais eachtracha líomhnaithe lena saobhtar an margadh inmheánach. D'fhéadfadh an Coimisiún pointe teagmhála a bhunú chun soláthar faisnéise den sórt sin a éascú ar bhealach rúnda. Nuair a chuireann na Ballstáit faisnéis ábhartha ar fáil don Choimisiún faoi fhóirdheontais eachtracha líomhnaithe lena saobhtar an margadh inmheánach, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfaighidh na Ballstáit sin freagra. Chun imscrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith ann, chun imscrúdú a dhéanamh an ndéantar an margadh inmheánach a shaobhadh leo agus chun saobhadh den sórt sin a leigheas, bunaítear leis an Rialachán seo nós imeachta ina bhfuil dhá chéim, eadhon réamh-athbhreithniú agus grinn-imscrúdú. Ba cheart gnóthas atá faoi réir ceachtar den dá chéim sin a mheas mar ghnóthas atá faoi imscrúdú.

- (28) Ba cheart cumhachtaí imscrúdaitheacha iomchuí a thabhairt don Choimisiún chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a bheith aige faisnéis a iarraidh ar aon ghnóthas nó ar aon chomhlachas gnóthas le linn an nós imeachta iomláin. Chomh maith leis sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur mar gheall ar mhainneachtain an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar go tráthúil nó mar gheall ar fhaisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach a sholáthar. Ba cheart don Coimisiún a bheith in ann ceistanna a chur ar na Ballstáit nó ar thríú tíortha freisin. Thairis sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún cuairteanna aimsithe fíoras a thabhairt ar áitreabh de chuid gnóthais nó comhlachais gnóthas atá lonnaithe san Aontas, nó, má thugtar fógra oifigiúil don tríú tír lena mbaineann agus mura bhfuil agóid aici, ar áitreabh an ghnóthais sa tríú tír. Chun cigireacht éifeachtach a áirithiú, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún iarraidh ar an ngnóthas nó ar an gcomhlachas gnóthas toiliú don chigireacht. Ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún freisin cinntí a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil mura gcomhoibríonn an gnóthas atá faoi imscrúdú nó an tríú tír a dheonaigh an fóirdheontas.
- (29) Thairis sin, i gcás inar gá chun dochar doleigheasta don iomaíocht sa mhargadh inmheánach a chosc, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún bearta eatramhacha a ghlacadh.

- (30) I gcás ina bhfuil tásca leordhóthanacha ag an gCoimisiún, mar thoradh ar an réamh-athbhreithniú, gurb ann d'fhóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún grinn-imscrúdú a sheoladh chun faisnéis ábhartha bhreise a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar an bhfóirdheontas eachtrach. Ba cheart cead a bheith ag an ngnóthas atá faoi imscrúdú a chearta cosanta a fheidhmiú.
- (31) Ba cheart don Choimisiún an grinn-imscrúdú a dhúnadh trí chinneadh a ghlacadh. Ba cheart dó féachaint, a mhéid is féidir, leis an ngrinn-imscrúdú a dhúnadh laistigh de 18 mí, agus castacht an cháis chomh maith le leibhéal comhair na ngnóthas agus na dtríú tíortha lena mbaineann á gcur san áireamh, go háirithe.
- (32) Ba cheart ionstraimí iomchuí a bheith ag an gCoimisiún chun éifeachtacht na ngealltanais agus na mbearta sásaimh a áirithiú. Mura gcomhlíonann gnóthas cinneadh lena ngabhann gealltanais, cinneadh lena ngabhann bearta sásaimh, nó cinneadh lena n-ordaítear bearta eatramhacha, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur a bheidh sách athchomhairleach. Ba cheart don Choimisiún cásanna neamhchomhlíonta leanúnaigh a chur san áireamh agus fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla den sórt sin á bhforchur aige. Chun éifeachtacht an Rialacháin seo a threisiú, is féidir leis an gCoimisiún gealltanais nó bearta sásaimh a chur i bhfeidhm ag an am céanna le fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla.

- (33) Chun cur i bhfeidhm ceart agus éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún cinneadh a chúlghairm agus cinneadh nua a ghlacadh, i gcás inar bunaíodh an cinneadh ar fhaisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach, i gcás ina ngníomhaíonn gnóthas ar bhealach nach dtagann lena ghealltanais nó leis na bearta sásaimh a forchuireadh, nó i gcás nach raibh na gealltanais ná na bearta sásaimh éifeachtach.
- (34) I bhfianaise an tionchair shuntasaigh a d'fhéadfadh a bheith ag comhchruinnithe ar an margadh inmheánach, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún, ar fhógra a fháil, faisnéis faoi ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a scrúdú i gcomhthéacs comhchruinniú atá beartaithe. Níor cheart cead a bheith ag gnóthais an comhchruinniú a chur chun feidhme sula dtabharfar an t-athbhreithniú ón gCoimisiún chun críche. Leis an scrúdú a dhéanann an Coimisiún, ba cheart an nós imeachta céanna a leanúint leis an gceann ina ndéantar athbhreithniú ar fhóirdheontas eachtrach ar thionscnamh an Choimisiúin, faoi réir coigeartuithe chun sainiúlachtaí comhchruinnithe a léiriú.
- (35) Is gá cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh agus an gá atá ann an t-ualach riaracháin ar ghnóthais atá faoi réir an Rialacháin seo a theorannú. Dá bhrí sin, níor cheart ach comhchruinnithe a chomhlíonann tairseacha comhcheangailte mar a shainmhínítear sa Rialachán seo bunaithe ar mhéid an láimhdeachais san Aontas agus méid na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a bheith faoi réir réamhfhógra éigeantach.

- (36) Faoi bhun na dtairseach maidir le fógra a thabhairt, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a éileamh go dtabharfaí fógra faoi chomhchruinnithe a d'fhéadfadh a bheith fóirdheonaithe nár cuireadh chun feidhme go fóill nó go dtabharfaí fógra faoi thairiscintí a d'fhéadfadh a bheith fóirdheonaithe sula ndámhfar conradh, má mheasann sé go mbeadh athbhreithniú ex ante tuillte ag an gcomhchruinniú nó ag an tairiscint de bharr an tionchair a bheadh aige nó aici san Aontas. Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún freisin athbhreithniú a dhéanamh, ar a thionscnamh féin, ar chomhchruinnithe atá curtha chun feidhme cheana nó ar chonarthaí atá dáfa cheana.
- (37) Agus athbhreithniú á dhéanamh ar chomhchruinniú, ba cheart an measúnú i dtaobh an ann do shaobhadh sa mhargadh inmheánach a theorannú don chomhchruinniú lena mbaineann, agus níor cheart ach na ranníocaíochtaí eachtracha sin a deonaíodh sna 3 bliana roimh an gcomhchruinniú, agus iad sin amháin, a mheas sa mheasúnú.
- (38) I gcomhthéacs an tsásra athbhreithnithe ex ante do chomhchruinnithe, ba cheart do ghnóthais a bheith in ann comhairliúcháin réamhfhógartha a iarraidh leis an gCoimisiún bunaithe ar mheon macánta, agus é mar aidhm aige sin treoir a fháil maidir le cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na tairseacha maidir le fógraí.
- (39) Nuair a thugtar fógra don Choimisiún faoi chomhchruinniú de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle¹ agus de bhun an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh an t-ualach riaracháin ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a theorannú faoin Rialachán seo. Go háirithe, ba cheart an rogha a bheith ag gnóthais an fhaisnéis shonrach a tiolacadh i gcomhthéacs imeachta faoin Rialachán seo a shonrú, ar faisnéis í a bhfuil sé de cheart ag an gCoimisiún a úsáid freisin in imeachtaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

- (40) Tá suntasacht ar leith ag baint leis an ngá aghaidh a thabhairt ar fhóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach i gcás an tsoláthair phoiblí, i bhfianaise a thábhachta eacnamaíche sa mhargadh inmheánach agus ós rud é gur le cistí cáinócóirí a mhaoinítear é. Ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún, ar fhógra a fháil sula ndámhtar conradh, scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis faoi ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais leis an oibreoir eacnamaíoch atá rannpháirteach i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí. Ba cheart réamhfhógraí a bheith éigeantach os cionn na tairisí a leagtar síos sa Rialachán seo chun cásanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de a chumhdach agus ag an am céanna an t-ualach riaracháin a íoslaghdú agus gan bac a chur ar rannpháirtíocht FBManna sa soláthar poiblí. Chomh maith leis sin, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid réamhfhógra a thabhairt os cionn tairseach i gcás grúpaí oibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 26(2) de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, Airteagal 19(2) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² agus Airteagal 37(2) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³. Tá sé de cheart ag an gCoimisiún freisin réamhfhógra a iarraidh faoi ranníocaíocht eachtrach airgeadais le linn nós imeachta soláthair phoiblí d’ainneoin a luach measta a bheith faoi bhun na dtairseach maidir le fógra a thabhairt. Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh teorainn a chur le cur isteach ar nósanna imeachta soláthair phoiblí, trí aird a thabhairt ar ghaireacht dháta dámhachtana an chonartha agus cinneadh á dhéanamh aige réamhfhógra den sórt sin a iarraidh.

¹ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain, (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

² Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

³ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar ag eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

- (41) Tá gá le córas sonrach le haghaidh conarthaí cosanta agus slándála a chumhdaítear le Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ chun an chothromaíocht idir margadh Eorpach um threalamh cosanta agus slándála a fhorbairt, rud atá riachtanach chun Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a chothabháil, agus chun slándáil náisiúnta na mBallstát a chosaint. Dá bhrí sin, maidir le soláthar poiblí chun conarthaí den sórt sin a dhámhachtain, níor cheart é a bheith faoi réir na gceanglas maidir le fógra a thabhairt faoin Rialachán seo. Mar sin féin, ba cheart a bheith in ann scrúdú a dhéanamh ar na fóirdheontais eachtracha i gcomhthéacs na gconarthaí sin mar chuid d'athbhreithniú ex officio. Thairis sin, níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo soláthar poiblí a chumhdaítear le Treoir 2009/81/CE agus atá díolmhaithe leis an Treoir sin nó lena gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 346 CFAE, agus é á chur san áireamh, mar shampla, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, gur cheart an fhéidearthacht leas a bhaint as díolúine den sórt sin a léiriú ar bhealach nach dtéann a héifeachtaí thar an méid atá fíor-riachtanach chun na leasanna dlisteanacha sin a chosaint a gcabhraíonn na forálacha sin lena gcoimirciú agus an teachtaireacht léirmhíniúeach ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 296 CFAE i réimse an tsoláthair cosanta á cur san áireamh freisin.

¹ Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthaigh nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

- (42) Is teicníc éifeachtúil soláthair iad creat-chomhaontuithe a úsáideann údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha go forleathan. Níor cheart leis an Rialachán seo difear a dhéanamh don tsolúbthacht a thugtar do cheannaitheoirí tar éis an creat-chomhaontú a thabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, ba cheart an oibleagáid fógra a thabhairt faoi ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais i nósanna imeachta soláthair phoiblí dá bhforáiltear sa Rialachán seo a theorannú don nós imeachta roimh thabhairt i gcrích na gcreat-chomhaontuithe iad féin agus níor cheart feidhm a bheith aici maidir le conarthaí atá bunaithe ar chreat-chomhaontú.
- (43) Agus aird á tabhairt ar chineál práinneach na nósanna imeachta soláthair a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 27(3) nó 28(6) de Threoir 2014/24/AE nó le hAirteagal 45(3) de Threoir 2014/25/AE, ba cheart don Choimisiún a dhícheall a dhéanamh tosaíocht a thabhairt do nósanna imeachta den sórt sin le linn réamh-athbhreithnithe agus grinn-imscrúdaithe chun teacht ar aon chonclúid fhóinteach a luaite is féidir. Dá réir, ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin maidir le nósanna imeachta comhchosúla a dhéantar i gcomhréir le Treoir 2014/23/AE.
- (44) I ngeall ar shainiúlachtaí na nósanna imeachta ilchéimneacha sa soláthar poiblí, ba cheart don Choimisiún tús a chur le réamh-athbhreithniú leis an bhfaisnéis ábhartha atá ar fáil i bhfógra agus an iarraidh ar rannpháirtíocht á tiolacadh aige. Chun iomláine na faisnéise agus luas an imscrúdaithe a áirithiú, ba cheart fógra nuashonraithe a thíolacadh leis an tairiscint deiridh. Ba cheart é a bheith de cheart ag an gCoimisiún freisin aon fhaisnéis fhorlíontach a iarraidh sula dtíolactar an tairiscint deiridh.
- (45) Ní thugtar aghaidh leis an Rialachán seo ar an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha tríú tír ar mhargadh soláthair an Aontais. Cumhdaítear an t-ábhar sin le dlí ábhartha an Aontais agus le comhaontuithe idirnáisiúnta.

- (46) I gcás ina dtugtar fógra faoi ranníocaíocht eachtrach airgeadais i gcomhthéacs nós imeachta soláthair poiblí, ba cheart an measúnú a theorannú don nós imeachta sin.
- (47) I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún bealaí a lorg chun a áirithiú go n-úsáidtear modhanna leictreonacha cumarsáide chun comhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le soláthar poiblí faoin Rialachán seo a éascú.
- (48) Ba cheart a áirithiú go n-urramaítear na prionsabail lena rialaítear soláthar poiblí, go háirithe an chomhréireacht, an neamh-idirdhealú, an chóir chomhionann, an trédhearcacht agus an t-iomaíochas, i ndáil le gach oibreoir eacnamaíoch atá rannpháirteach sa nós imeachta soláthair poiblí, beag beann ar imscrúduithe a thionscnaítear agus atá ar feitheamh de bhun an Rialacháin seo. Ní dochar an Rialachán seo do Threoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair.
- (49) Is féidir le húdaráis chonartha nó eintitis chonartha a chinneadh conradh a dhámhachtain i bhfoirm luchtóga ar leithligh, i gcomhréir, go háirithe, le hAirteagal 46 de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 65 de Threoir 2014/25/AE agus i gcomhréir leis an toirmeasc ar dheighilt shaorga. Ba cheart fógra a thabhairt faoi ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais i gcás tairgeoirí a dhéanann iarratas ar luchtóga a bhfuil luach orthu os cionn tairseach is infheidhme.
- (50) Leis an Rialachán seo, níor cheart difear a dhéanamh don fhéidearthacht atá ag oibreoirí eacnamaíocha brath ar acmhainneachtaí eintiteas eile i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE.

- (51) Leis an Rialachán seo, níor cheart difear a dhéanamh don fhéidearthacht atá ag an údarás conarthach nó ag an eintiteas conarthach ceangal a chur ar na hoibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis nó an doiciméadacht ábhartha a fhorlíonadh, a shoiléiriú nó a chomhlánú, mar a fhoráiltear le Treoir 2014/23/AE, 2014/24/AE nó 2014/25/AE, nó mar a fhoráiltear leis an dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme iad, ar choinníoll go ndéantar iarrataí den sórt sin i gcomhréir iomlán le prionsabail na córa comhionainne agus na trédhearcachta.
- (52) Tá claonadh láidir ann i measc ceannaitheoirí poiblí a gceannacháin a lárú chun barainneachtaí scála agus gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach. Is údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha de réir bhrí Threoracha 2009/81/CE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE iad na comhlachtaí lárnacha ceannaigh den sórt sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, go mbeadh an Coimisiún in ann scrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha i gcomhthéacs conarthaí arna ndámhachtain ag údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha den sórt sin.
- (53) Maidir le fóirdheontais eachtracha lena gcumasaítear d'oibreoir eacnamaíoch tairiscint a thíolacadh, ar tairiscint í a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, i ndáil leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann, ba cheart a mheas go gcruthaítear leo saobhadh iarbhrí nó féideartha i nós imeachta soláthair phoiblí. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an saobhadh sin ar bhonn sraith táscairí neamh-uileghabhálach. Leis na táscairí, ba cheart a bheith in ann a chinneadh conas a dhéanann an fóirdheontas eachtrach an iomaíocht a shaobhadh trí staid iomaíochta gnóthais a fheabhsú agus trína chur ar a chumas tairiscint a thíolacadh a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi. Ba cheart an deis a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha údar a thabhairt leis an tairiscint ar an ábhar nach bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, lena n-áirítear trí na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 69(2) de Threoir 2014/24/AE nó in Airteagal 84(2) de Threoir 2014/25/AE, lena rialaítear tairiscintí atá íseal ar bhealach neamhghnách, a thabhairt ar aird.

Níor cheart an toirmeasc ar dhámhachtain a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nach féidir údar cuí a thabhairt le cineál buntáisteach na tairisceana a bhaineann tairbhe as fóirdheontais eachtracha trí thosca eile, i gcás ina ndámhfaí an Conradh ar an tairgeoir agus i gcás nár thairg an gnóthas a thíolaic an tairiscint gealltanais a mheastar a bheith iomchuí leordhóthanach chun an saobhadh a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach. Dá réir sin, baineann an toirmeasc ar dhámhachtain leis an nós imeachta sonrach inar tíolacadh an tairiscint a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi. Dá bhrí sin, le cinneadh an Choimisiúin gur bhain oibreoir eacnamaíoch tairbhe as fóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach agus lenarbh fhéidir leis tairiscint a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi a thíolacadh, níor cheart a mheas, dá bhrí sin, gur gné as a n-eascraíonn eisiámh de bhun na bhforas roghnach le haghaidh eisiámh a leagtar síos in Airteagal 38(7) de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 57(4) de Threoir 2014/24/AE nó Airteagal 80 de Threoir 2014/25/AE nós imeachta soláthair phoiblí céanna nó i nós imeachta soláthair phoiblí eile a dhéantar i gcomhréir leis na Treoracha sin.

- (54) D'fhéadfadh tairiscint a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi teacht as fóirdheontais eachtracha a dheonaítear d'fhochonraitheoir nó do sholáthróir mar gheall ar a tionchar iomaíoch ar an tairiscint a cuireadh faoi bhráid údarás conarthach nó eintiteas conarthach. Mar sin féin, chun an t-ualach riaracháin a theorannú, níor cheart ach do phríomh-fhochonraitheoirí nó do phríomhsholáthróirí, eadhon iad siúd a mbaineann a dtáirgí nó a seirbhísí le príomhghnéithe den chonradh nó a bhfuil a dtáirgí nó a seirbhísí os cionn céatadán áirithe de luach an chonartha, fógra a thabhairt faoi ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais. Is féidir gnéithe den chonradh a mheas mar phríomhghnéithe, go háirithe, ar bhonn ábharthacht shonrach na gné maidir le cáilíocht na tairisceana lena n-áirítear saineolas sonrach, teicneolaíocht, foireann speisialaithe, paitinní nó buntáistí comhchosúla atá ar fáil don fhochonraitheoir nó don soláthróir, go háirithe i gcás ina bhfuiltear ag brath ar na gnéithe sin chun tromlach ceann amháin ar a laghad de na critéir roghnúcháin i nós imeachta soláthair phoiblí a chomhlíonadh.

Chun a áirithiú go mbeidh bonn cobhsaí fíorasach ann don athbhreithniú, ba cheart a chur san áireamh sa réamh-athbhreithniú na príomh-fhochonraitheoirí agus na príomhsholáthróirí a bhí ar eolas cheana ag an gcéim a tíolacadh an fógra nó an dearbhú comhiomlán nó an fógra nó an dearbhú nuashonraithe i gcás nósanna imeachta ilchéimneacha. Níor cheart leis an Rialachán seo difear a dhéanamh don fhéidearthacht atá ag oibreoirí eacnamaíocha fochonraitheoirí nua a úsáid i bhforghníomhú a gconarthaí. Mar thoradh air sin, níor cheart oibleagáidí breise a chruthú maidir le fógra a thabhairt trí fhochonraitheoirí agus soláthróirí a athrú tar éis an fógra nó an dearbhú comhiomlán nó an fógra nó an dearbhú nuashonraithe a thíolacadh, nó le linn conradh a fhorghníomhú, ach ba cheart don Choimisiún a bheith in ann athbhreithniú ex officio a thionscnamh má tá faisnéis aige, lena n-áirítear faisnéis ó aon Bhallstát, duine nádúrtha nó dlítheanach nó comhlachas, go bhféadfadh sé gur bhain na fochonraitheoirí agus na soláthróirí sin tairbhe as fóirdheontais eachtracha.

- (55) I gcomhréir leis na Treoracha maidir le soláthar poiblí, ba cheart an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch ó thaobh an údarais chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh de a shainaithint ar bhonn an phraghais nó an chostais, trí úsáid a bhaint as cur chuige costéifeachtúlachta, amhail costáil saolré, agus is féidir an cóimheas praghas-cháilíochta is fearr a áireamh inti, ar cheart é a mheasúnú ar bhonn critéar, lena n-áirítear gnéithe cáilíochtúla, comhshaoil nó sóisialta, atá nasctha le hábhar an chonartha atá i gceist.
- (56) I gcomhthéacs leigheasanna breithiúnacha a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bhaineann go háirithe le nósanna imeachta soláthair phoiblí, tá sé de cheart ag cúirt nó binse náisiúnta de réir bhrí Airteagal 267 CFAE, a mheasann go bhfuil gá le cinneadh maidir leis an gceist ionas go mbeidh siad in ann breithiúnas a thabhairt, a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialú a thabhairt ar léiriú dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Rialachán seo, nó sa chás dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, ní mór don chúirt nó don bhinse sin a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialú den sórt sin a thabhairt.

Mar sin féin, i bhfianaise chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, níl sé de cheart ag an gcúirt ná binse náisiúnta sin ceist a tharchur maidir le bailíocht an chinnidh ón gCoimisiún arna iarraidh sin d'oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann a raibh an deis aige caingean a thionscnamh chun an cinneadh sin a neamhniú, go háirithe más rud é gur bhain an cinneadh sin go díreach agus go leithleach leis an oibreoir eacnamaíoch sin, ach nach ndearna sé amhlaidh laistigh den tréimhse a leagtar síos in Airteagal 263 CFAE.

- (57) Agus cineál an tsásra athbhreithnithe ex ante le haghaidh comhchruinnithe agus dámhachtainí soláthair phoiblí, agus an gá atá le deimhneacht dhlíthiúil maidir leis na hidirbhearta sonracha sin, á gcur san áireamh, níor cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh arís ar a thionscnamh féin ar chomhchruinniú ná ar thairiscint soláthair phoiblí ar tugadh fógra ina leith agus ar a ndearnadh measúnú faoi na nósanna imeachta ábhartha. Maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ar cuireadh an Coimisiún ar an eolas fúthu tríd an nós imeachta um fhógra a thabhairt, is féidir, áfach, go mbeadh siad ábhartha lasmuigh den chomhchruinniú nó den nós imeachta soláthair sin.
- (58) Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú go héifeachtach leis an gCoimisiún i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Chun comhar den sórt sin a éascú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann sásra comhair a bhunú.
- (59) Chun faisnéis a bhailiú faoi fhóirdheontais eachtracha, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún imscrúduithe a sheoladh ar earnálacha sonracha den gheilleagar, ar chineálacha áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó ar úsáid ionstraimí áirithe fóirdheontais eachtraigh. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann an fhaisnéis a fuarthas ó imscrúduithe margaidh den sórt sin a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar idirbhearta áirithe faoi na nósanna imeachta faoin Rialachán seo.

- (60) I gcás ina measann an Coimisiún gurb ann d'fhóirdheontais eachtracha leanúnacha lena saobhtar an margadh inmheánach nó i gcás ina sainaithnítear, le roinnt gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin faoin Rialachán seo, fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach agus iad deonaithe ag an tríú tír chéanna, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann dul i mbun idirphlé leis an tríú tír lena mbaineann chun roghanna atá dírithe ar scor nó ar mhodhnú na bhfóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach a fháil d'fhonn deireadh a chur lena n-éifeachtaí saobhacha sa mhargadh inmheánach. I gcás ina bhforáiltear i gcomhaontú déthaobhach idir an tAontas agus tríú tír do shásra comhairliúcháin lena gcumhdaítear fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart sásra comhairliúcháin den sórt sin a úsáid chun an t-idirphlé tríú tír a éascú. Níor cheart, leis an idirphlé leis an tríú tír, bac a chur ar an gCoimisiún athbhreithnithe a thionscnamh nó leanúint leo faoin Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoi na forbairtí ábhartha.
- (61) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, maidir leis an tréimhse inar féidir leis an gCoimisiún fóirdheontas eachtrach a imscrúdú, is iomchuí í a theorannú go 10 mbliana ón dáta a dheonaítear an fóirdheontas eachtrach sin.
- (62) Ar na cúiseanna céanna, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhsí teorann chun fineálacha nó focaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur agus a fhorfheidhmiú.
- (63) Ar mhaithe leis an trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí go bhfoilseodh nó go bpoibleodh an Coimisiún, i gcás inarb infheidhme, na cinntí ar fad a ghlacann sé faoin Rialachán seo ina n-iomláine nó i bhfoirm achoimre.

- (64) Ba cheart don Choimisiún, agus a chinntí á bhfoilsíú aige, na rialacha maidir le rúndacht ghairmiúil a urramú, lena n-áirítear cosaint faisnéise rúnda, agus rúin ghnó, i gcomhréir le hAirteagal 339 CFAE. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², cibé acu is infheidhme maidir leis an bpróiseáil atá i gceist.
- (65) I gcás ina ndealraíonn sé nach bhfuil faisnéis atá marcáilte ag an ngnóthas mar fhaisnéis rúnda nó mar rún gnó cumhdaithe ag oibleagáidí maidir le rúndacht ghairmiúil, is iomchuí sásra a bheith i bhfeidhm aige ar dá réir atá sé de cheart ag an gCoimisiún a chinneadh a mhéid is féidir faisnéis den sórt sin a nochtadh. Ba cheart tréimhse a lua in aon chinneadh lena ndiúltaítear go bhfuil faisnéis rúnda, tréimhse a ndéanfar an fhaisnéis a nochtadh ag a deireadh, ionas gur féidir leis an bhfreagróir úsáid a bhaint as aon chosaint bhreithiúnach atá ar fáil dó, lena n-áirítear aon bheart eatramhach.

¹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

² Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (66) Ba cheart an deis a bheith ag na gnóthais atá faoi imscrúdú faoin Rialachán seo a gcuid barúlacha a thíolacadh ar na forais ar a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh a bheith i dteideal rochtain a bheith acu ar an gcomhad. Agus caomhnú chearta cosanta na ngnóthas atá faoi imscrúdú á áirithiú, tá sé fíor-riachtanach rúin ghnó a chosaint.
- (67) Má chomhaontaíonn soláthróir na faisnéise leis, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas faoin Rialachán seo agus gníomhartha eile de chuid an Aontais á gcur i bhfeidhm.
- (68) Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún na bearta uile is gá a ghlacadh chun cosaint na faisnéise rúnaicmithe a áirithiú i gcomhréir, go háirithe, leis an gComhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh¹ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún² agus Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún³.

¹ Comhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le faisnéis rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO C 202, 8.7.2011, lch. 13).

² Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

³ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

- (69) Ba cheart don Aontas an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais agus le Comhaontú EDT, agus ba cheart do chur chun feidhme an Rialacháin seo a bheith comhsheasmhach leis na gealltanais a tugadh faoi chomhaontuithe eile trádála agus infheistíochta ar páirtithe iontu iad an tAontas nó na Ballstáit. Ba cheart, leis an Rialachán seo, iarracht an Aontais feabhas a chur ar rialacha iltaobhacha maidir le haghaidh a thabhairt ar fhóirdheontais shaobhacha a chomhlánú.
- (70) Is féidir údar cuí a thabhairt le srianta ar na saoirsí a leagtar amach in Airteagail 34, 49, 56 agus 63 CFAE tríd an ngá le hiomaíocht éagórach a sheachaint, ar choinníoll go gcomhlíontar, le srianta den sórt sin, amhail srianta eile ar shaoirsí bunúsacha, prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, amhail comhréireacht, deimhneacht dhlíthiúil, agus cearta bunúsacha.
- (71) D'fhéadfadh sé go mbeadh forluí idir cur chun feidhme an Rialacháin seo agus rialacha earnála, go háirithe i réimse an iompair mhuirí agus an aeriompair. Dá bhrí sin, is gá soiléiriú a dhéanamh ar an ngaol idir an Rialachán seo agus na hionstraimí earnála lena ndéileáiltear le fóirdheontais eachtracha, eadhon Rialachán (CEE) Uimh. 4057/86 ón gComhairle¹, Rialachán (AE) 2016/1035 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² agus Rialachán (AE) 2019/712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³.

¹ Rialachán (CEE) Uimh. 4057/86 ón gComhairle an 22 Nollaig 1986 maidir le cleachtais éagóracha praghsála sa mhuiriompar (IO L 378, 31.12.1986, lch. 14).

² Rialachán (AE) 2016/1035 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne praghsála díobhálaí soithí (IO L 176, 30.6.2016, lch. 1).

³ Rialachán (AE) 2019/712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair a chosaint, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 (IO L 123, 10.5.2019, lch. 4).

- (72) Tá gníomhartha ón gCoimisiún faoin Rialachán seo faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE. Ba cheart, i gcomhréir le hAirteagal 261 CFAE, dlínse neamhtheoranta a thabhairt don Chúirt Bhreithiúnais maidir le cinntí lena bhforchuireann an Coimisiún fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla.
- (73) Chun intuarthacht an Rialacháin seo a chothú, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta maidir leis na critéir chun a chinneadh an ann do shaobhadh arb é fóirdheontas eachtrach ar an margadh inmheánach is cúis leis, maidir le cur i bhfeidhm na tástála cothromúcháin, maidir le cur i bhfeidhm a chumhachta réamhfhógra a iarraidh maidir le haon chomhchruinniú nó ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a fhaigheann oibreoir eacnamaíoch i nós imeachta soláthair phoiblí, agus maidir leis an measúnú ar shaobhadh i nós imeachta soláthair phoiblí. Agus treoirlínte den sórt sin á n-eisiúint aige, ba cheart don Choimisiún comhairliúcháin iomchuí a dhéanamh le geallsealbhóirí agus leis na Ballstáit. Chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú sna céimeanna luatha dá chur i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún féachaint le soiléiriú a phoibliú maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin sula bhfoilsítear na treoirlínte.

- (74) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus ba cheart baint a bheith acu leis an méid seo a leanas: cinntí lena ndúntar na grinn-imscrúduithe, forchur beart eatramhach, cinntí maidir le comhchruinnithe a cuireadh chun feidhme de shárú ar an oibleagáid fógra a thabhairt nó de shárú ar chinneadh lena ngabhann gealltanais nó de shárú ar chinneadh lena dtoirmisctear comhchruinniú nó dámhachtain an chonartha i nós imeachta soláthair phoiblí, cúlghairm cinntí áirithe, agus na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann leis an bhfoirm, inneachar, sonraí nós imeachta agus míreanna gaolmhara maidir leis an réamh-athbhreithniú agus leis an ngrinn-imscrúdú.
- (75) Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún nós imeachta simplithe a bhunú ina gcaitheann sé le comhchruinnithe áirithe nó le nósanna imeachta áirithe soláthair phoiblí ar an mbonn go ndealraíonn sé gur lú an seans go gcruthófar leo saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach arb iad fóirdheontais eachtracha is cúis leis.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(76) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú ar an margadh inmheánach san fhadtéarma, d'fhonn a áirithiú go gcumhdófar go hiomchuí cásanna a imscrúdaítear trí fhógraí agus ar bhonn ex officio araon, agus ualach riaracháin míchuí á theorannú ag an am céanna, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le leasú a dhéanamh ar na tairseacha maidir le fógra a thabhairt maidir le comhchruinnithe agus nósanna imeachta soláthair phoiblí, chomh maith le laghdú a dhéanamh ar na teorainneacha ama maidir leis an réamh-athbhreithniú agus na grinn-imscrúduithe ar chomhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith nó ranníocaíochtaí poiblí ar tugadh fógra ina leith i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí. Gan dochar don fhéidearthacht leasú a dhéanamh ar na tairseacha maidir le fógra a thabhairt le haghaidh comhchruinnithe agus soláthar poiblí trí bhíthin togra reachtach, lena n-áirítear i gcomhthéacs an athbhreithnithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is féidir na tairseacha sin a leasú le gníomh tarmligthe aon uair amháin le linn na tréimhse tarmligin faoin Rialachán seo. Maidir le ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí, ba cheart an chumhacht chun gníomh den sórt sin a ghlacadh a fheidhmiú ar bhealach lena gcuirtear leasanna FBManna san áireamh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

¹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (77) I gcás ina bhfuil comhchruinniú infhógartha de bhun an Rialacháin seo, ba cheart ranníocaíochtaí airgeadais le haon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú a deonáodh sna 3 bliana roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a theacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo. I gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le ranníocaíocht airgeadais a deonáodh d'oibreoir eacnamaíoch sna 3 bliana roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Is é is cuspóir don Rialachán seo rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh trí chreat comhchuibhithe a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh arb iad fóirdheontais eachtracha is cúis leis, go díreach nó go hindíreach, d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le himscrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach agus maidir le saobhadh den sórt sin a cheartú. D'fhéadfadh saobhadh den sórt sin teacht chun cinn i ndáil le haon ghníomhaíocht eacnamaíoch, agus go háirithe i gcomhchruinnithe agus i nósanna imeachta soláthair phoiblí.
2. Tugtar aghaidh sa Rialachán seo ar fhóirdheontais eachtracha a dheonaítear do ghnóthas, lena n-áirítear gnóthas poiblí atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag an Stát, atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach. I measc nithe eile, maidir le gnóthas a bhfuil rialú á fháil aige i ngnóthas atá bunaithe san Aontas nó i ngnóthas atá rannpháirteach i nós imeachta soláthair phoiblí san Aontas nó a bhfuil cumasc á dhéanamh aige le gnóthas den sórt sin, meastar go bhfuil sé ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘gnóthas’, i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, oibreoir eacnamaíoch mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (14) de Threoir 2009/81/CE, Airteagal 5, pointe (2), de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 2, pointe (10), de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 2, pointe (6), de Threoir 2014/25/AE;
- (2) ciallaíonn ‘conradh’, i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, mura sonraítear a mhalairt, conradh poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Threoir 2014/24/AE, conarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (2), de Threoir 2009/81/CE, agus conarthaí soláthair, oibreacha agus seirbhíse mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2014/25/AE, chomh maith le lamháltais mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1), de Threoir 2014/23/AE.
- (3) ciallaíonn ‘nós imeachta soláthair phoiblí’:
 - (a) aon chineál nós imeachta dámhachtana a chumhdaítear le Treoir 2014/24/AE maidir le conradh poiblí a thabhairt i gcrích nó le Treoir 2014/25/AE maidir le conradh soláthair, oibreacha agus seirbhíse a thabhairt i gcrích;

- (b) nós imeachta maidir le lamháltas oibreacha nó seirbhíse a dhámhachtain a chumhdaítear le Treoir 2014/23/AE;
 - (c) nósanna imeachta maidir le conarthaí a dhámhachtain a thagann faoi Threoir 2009/81/CE, mura ndíolmhaíonn na Ballstáit iad ar bhonn Airteagal 346 CFAE;
 - (d) nósanna imeachta maidir le conarthaí a dhámhachtain dá dtagraítear in Airteagal 10(4), pointe (a), de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 9(1), pointe (a), de Threoir 2014/24/AE nó Airteagal 20(1), pointe (a), de Threoir 2014/25/AE.
- (4) ciallaíonn ‘údarás conarthach’, i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, údarás conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (17) de Threoir 2009/81/CE, Airteagal 6 de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 2(1), pointe (1) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 3 de Threoir 2014/25/AE,
- (5) ciallaíonn ‘eintiteas conarthach’, i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, eintiteas conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (17) de Threoir 2009/81/CE, Airteagal 7 de Threoir 2014/23/AE agus Airteagal 4 de Threoir 2014/25/AE,
- (6) ciallaíonn ‘nós imeachta ilchéimneach’ nós imeachta soláthair phoiblí i gcomhréir le hAirteagail 28 go 32 de Threoir 2014/24/AE agus Airteagail 46 go 52 de Threoir 2014/25/AE, an nós imeachta srianta, nós imeachta iomaíoch lena ngabhann idirbheartaíocht, nós imeachta idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré, idirphlé iomaíoch nó comhpháirtíocht nuálaíochta, nó nós imeachta comhchosúil i gcomhréir le Treoir 2014/23/AE.

Airteagal 3

Fóirdheontas eachtrach a bheith ann

1. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar fóirdheontas eachtrach a bheith ann i gcás ina soláthraíonn tríú tír ranníocaíocht airgeadais, go díreach nó go hindíreach, lena dtugtar tairbhe do ghnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach agus atá teoranta, ó dhlí nó ó ghníomh, do ghnóthas amháin nó níos mó nó do thionscal amháin nó níos mó.
2. Chun críocha an Rialacháin seo, áireofar an méid seo a leanas, inter alia, i ranníocaíocht airgeadais:
 - (a) cistí nó dliteanas a aistriú, amhail instealltaí caipitil, deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí iasachta, dreasachtaí fioscacha, caillteanais oibriúcháin a fhritháireamh, cúiteamh ar ualaí airgeadais a d'fhorchuir údaráis phoiblí, maitheamh fiachais, babhtálacha fiachais ar chothromas nó athsceidealú;
 - (b) ioncam atá dlite ar shlí eile, amhail díolúintí ó cháin nó cearta speisialta nó eisiacha a dheonú gan luach saothair leordhóthanach, a ligean thar ceal; nó
 - (c) earraí nó seirbhísí a sholáthar nó earraí nó seirbhísí a cheannach;

Áireofar i ranníocaíocht airgeadais a chuireann tríú tír ar fáil ranníocaíocht airgeadais arna cur ar fáil ag:

 - (a) an rialtas láir agus na húdaráis phoiblí ar gach leibhéal eile;

- (b) eintiteas poiblí eachtrach ar féidir a ghníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír, agus eilimintí amhail saintréithe an eintitis agus an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá sa Stát ina n-oibríonn an t-eintiteas á gcur san áireamh, lena n-áirítear ról an rialtais sa gheilleagar; nó
- (c) eintiteas príobháideach ar féidir a ghníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír, agus na himthosca iomchuí ar fad á gcur san áireamh.

Airteagal 4

Saobhadh sa mhargadh inmheánach

1. Measfar saobhadh sa mhargadh inmheánach a bheith ann i gcás inar dócha go bhfeabhsófaí, le fóirdheontas eachtrach, staid iomaíochta ghnóthais sa mhargadh inmheánach agus i gcás, ar an gcaoi sin, ina mbeadh tionchar diúltach iarbhir nó féideartha ag an bhfóirdheontas eachtrach sin ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach. Cinnfear saobhadh sa mhargadh inmheánach ar bhonn táscairí, ar féidir an méid seo a leanas, go háirithe, a áireamh leo:
 - (a) méid an fhóirdheontais eachtraigh;
 - (b) cineál an fhóirdheontais eachtraigh;
 - (c) staid an ghnóthais, lena n-áirítear méid an ghnóthais agus na margaí nó na hearnálacha lena mbaineann;

- (d) leibhéal agus forbairt ghníomhaíocht eacnamaíoch an ghnóthais ar an margadh inmheánach;
 - (e) an cuspóir agus na coinníollacha a bhaineann leis an bhfóirdheontas eachtrach chomh maith lena úsáid ar an margadh inmheánach.
2. I gcás nach mó ná EUR 4 mhilliún méid iomlán an fhóirdheontais eachtraigh do ghnóthas thar aon tréimhse chomhleanúnach 3 bliana, measfar nach dócha go ndéanfar, leis an bhfóirdheontas eachtrach sin, saobhadh sa mhargadh inmheánach.
 3. I gcás nach mó méid iomlán fóirdheontais eachtraigh le gnóthas ná méid na cabhrach *de minimis* mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 in aghaidh an tríú tír thar aon tréimhse chomhleanúnach 3 bliana airgeadais, ní mheasfar go ndéantar, leis an bhfóirdheontas eachtrach sin, an margadh inmheánach a shaobhadh.
 4. Féadfar a mheas nach ndéantar, le fóirdheontas eachtrach, an margadh inmheánach a shaobhadh sa mhéid go bhfuil sé dírithe ar an damáiste arb iad tubaistí nádúrtha nó tarluithe eisceachtúla is cúis leis a shlánú.

Airteagal 5

Catagóirí fóirdheontas eachtrach is dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh leo

1. Is é is dóichí go ndéanfaí, le fóirdheontas eachtrach, an margadh inmheánach a shaobhadh i gcás ina dtagann sé faoi cheann amháin de na catagóirí seo a leanas:
 - (a) fóirdheontas eachtrach a dheonaítear do ghnóthas anásta, eadhon gnóthas ar dócha a rachaidh as gnó sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma in éagmais aon fhóirdheontais, mura bhfuil plan athstruchtúraithe ann a d'fhéadfadh inmharthanacht fhadtéarmach an ghnóthais sin a bheith mar thoradh air agus mura n-áirítear ranníocaíocht shuntasach ón ngnóthas sa phlean sin;
 - (b) fóirdheontas eachtrach i bhfoirm ráthaíocht neamhtheoranta ar fhiacha nó dliteanais an ghnóthais, eadhon gan aon teorainn maidir le méid ná fad ráthaíochta den sórt sin;
 - (c) beart maoinithe onnmhairiúcháin nach bhfuil i gcomhréir le Socrú ECFE maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil;
 - (d) fóirdheontas eachtrach lena n-éascaítear comhchruinniú go díreach;
 - (e) fóirdheontas eachtrach lena gcuirtear ar chumas gnóthais tairiscint a thíolacadh a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, agus ar a mbonn a d'fhéadfaí an conradh ábhartha a dhámhachtain don ghnóthas.

2. Tabharfar an deis do ghnóthas atá faoi imscrúdú faisnéis ábhartha a sholáthar lena suífi cé acu a shaobhann nó nach saobhann fóirdheontas eachtrach a thagann faoi cheann amháin de na catagóirí a leagtar amach i mír 1 an margadh inmheánach in imthosca sonracha an cháis sin.

Airteagal 6

Tástáil chothromúcháin

1. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise a fuarthas, cothromaíocht a aimsiú idir éifeachtaí diúltacha fóirdheontais eachtraigh ó thaobh an tsaofa sa mhargadh inmheánach, de réir Airteagail 4 agus 5, agus na héifeachtaí dearfacha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach, agus éifeachtaí dearfacha eile an fhóirdheontais eachtraigh á gcur san áireamh, amhail na héifeachtaí dearfacha níos leithne i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha, go háirithe cuspóirí an Aontais.
2. Agus cinneadh á dhéanamh aige an ndéanfar bearta sásaimh a fhorchur nó an nglacfar le gealltanais, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an measúnú faoi mhír 1 agus cineál agus leibhéal na mbeart sásaimh nó na ngealltanais sin.

Airteagal 7

Gealltanais agus bearta sásaimh

1. Féadfaidh an Coimisiún bearta sásaimh a fhorchur chun an saobhadh sa mhargadh inmheánach arb é fóirdheontas eachtrach is cúis leis go hiarbhír nó go féideartha a leigheas, mura rud é gur ghlac sé le gealltanais a thairgeann an gnóthas atá faoi imscrúdú de bhun mhír 2.

2. Féadfaidh an Coimisiún glacadh le gealltanais a thairgeann an gnóthas lena mbaineann atá faoi imscrúdú, i gcás ina leigheastar, le gealltanais den sórt sin, an saobhadh ar an margadh inmheánach go hiomlán agus go héifeachtach. Agus é ag glacadh le gealltanais den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún iad a cheangal ar an ngnóthas atá faoi imscrúdú i gcinneadh lena ngabhann gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 11(3). I gcás inarb iomchuí, déanfar faireachán ar an méid a chomhlíonann an gnóthas na gealltanais arna gcomhaontú.
3. Beidh gealltanais nó bearta sásaimh comhréireach agus déanfar an saobhadh arb é an fóirdheontas eachtrach sa mhargadh inmheánach is cúis leis go hiarbhír nó go féideartha a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach leo.
4. Féadfaidh an méid seo a leanas, inter alia, a bheith i gceist leis na gealltanais nó leis na bearta sásaimh:
 - (a) rochtain a chur ar fáil faoi choinníollacha córa réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha ar bhonneagar, lena n-áirítear saoráidí taighde, cumais táirgthe nó saoráidí bunriachtanacha, a fuair na fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach nó ar thacaigh na fóirdheontais sin leis mura bhforáiltear do rochtain den sórt sin cheana féin le reachtaíocht an Aontais;
 - (b) acmhainneacht nó láithreacht sa mhargadh a laghdú, lena n-áirítear trí shrian sealadach a chur ar ghníomhaíocht tráchtála;
 - (c) staonadh ó infheistíochtaí áirithe;

- (d) sócmhainní arna bhfáil nó arna bhforbairt le cúnamh ó fhóirdheontais eachtracha a cheadúnú ar théarmaí córa réasúnta neamh-idirdhealaitheacha;
 - (e) torthaí taighde agus forbartha a fhoilsiú;
 - (f) sócmhainní áirithe a dhífheistiú;
 - (g) a cheangal ar na gnóthais an comhchruinniú lena mbaineann a dhíscaoileadh;
 - (h) an fóirdheontas eachtrach, lena n-áirítear ráta úis iomchuí, arna ríomh i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún¹, a aisíoc;
 - (i) a cheangal ar na gnóthais lena mbaineann a struchtúr rialachais a oiriúnú.
5. Forchuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, ceanglais maidir le tuairisciú agus trédhearcacht, lena n-áirítear tuairisciú tréimhsiúil maidir le cur chun feidhme na ngealltanas agus na mbeart sásaimh a liostaítear i mír 4.
6. I gcás ina mbeartaíonn an gnóthas atá faoi imscrúdú an fóirdheontas eachtrach lena n-áirítear ráta úis iomchuí a aisíoc, ní ghlacfaidh an Coimisiún le haisíocaíocht den sórt sin mar ghealltanas ach amháin i gcás inarbh fhéidir leis a fháil amach an bhfuil an aisíocaíocht trédhearcach, infhíoraithe agus éifeachtach, agus an riosca go dtarlódh imchéimniú á chur san áireamh.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1).

Airteagal 8

Faisnéis faoi chomhchruinnithe a bheidh ann amach anseo agus nósanna imeachta soláthair phoiblí

I gcinntí a ghlactar de bhun Airteagail 11, 25 agus 31, agus i gcás ina bhfuil sé comhréireach agus i gcás inar gá, féadfar a cheangal ar an ngnóthas atá faoi imscrúdú an Coimisiún a chur ar an eolas, ar feadh tréimhse teoranta ama, faoina rannpháirtíocht i gcomhchruinnithe nó i nósanna imeachta soláthair phoiblí. Ní dochar an ceanglas sin d'oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt de bhun Airteagail 21 agus 29.

Caibidil 2

Athbhreithniú ex officio agus forálacha ginearálta maidir leis an athbhreithniú ar fhóirdheontais eachtracha

Airteagal 9

Athbhreithniú ex officio ar fhóirdheontais eachtracha

1. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis ó aon fhoinse, lena n-áirítear Ballstáit, duine nádúrtha nó dlítheanach nó comhlachas, maidir le fóirdheontais eachtracha líomhnaithe lena saobhtar an margadh inmheánach.
2. Beidh athbhreithnithe ex officio ar sholáthairtí poiblí teoranta do chonarthaí a dámhadh.

Mar thoradh ar athbhreithnithe den sórt sin, ní dhéanfar an cinneadh lena ndámhtar conradh a chur ar ceal ná ní dhéanfar conradh a fhoirceannadh.

Airteagal 10
Réamh-athbhreithniú

1. I gcás ina measann an Coimisiún go léirítear leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9 go bhféadfadh sé gurbh ann d'fhóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach, lorgóidh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheasann sé is gá chun measúnú a dhéanamh, ar bhonn tosaigh, cibé acu an fóirdheontas eachtrach atá sa ranníocaíocht airgeadais atá faoi scrúdú agus cibé acu an saobhtar nó nach saobhtar an margadh inmheánach leis. Chuige sin, féadfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh, go háirithe:
 - (a) faisnéis a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 13; agus
 - (b) cigireachtaí a dhéanamh laistigh agus lasmuigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 14 nó 15.
2. I gcás inar chuir Ballstát an Coimisiún ar an eolas go bhfuil nós imeachta náisiúnta ábhartha beartaithe nó gur tionscnaíodh é, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát sin ar an eolas faoi thús an réamh-athbhreithnithe. Go háirithe, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit a thug fógra don Choimisiún faoi nós imeachta náisiúnta de bhun Rialachán (AE) 2019/452 ar an eolas faoi thús an réamh-athbhreithnithe. I gcás ina dtionscnaítear an réamh-athbhreithniú i ndáil le nós imeachta soláthair phoiblí, cuirfidh an Coimisiún an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach lena mbaineann ar an eolas freisin.

3. I gcás ina bhfuil tásca leordhóthanacha ag an gCoimisiún, bunaithe ar an réamh-athbhreithniú, gur deonaíodh fóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach do ghnóthas, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) cinneadh a ghlacadh chun grinn-imscrúdú a thionscnamh ('cinneadh chun grinn-imscrúdú a thionscnamh') ina ndéantar achoimre ar na saincheistanna ábhartha fíorais agus dlí agus ina n-áirítear an réamh-mheasúnú ar fhóirdheontas eachtrach a bheith ann agus ar an saobhadh iarbhir nó féideartha sa mhargadh inmheánach;
 - (b) an gnóthas atá faoi imscrúdú a chur ar an eolas;
 - (c) na Ballstáit agus, i gcás ina dtionscnaítear an grinn-imscrúdú i ndáil le nós imeachta soláthair phoiblí, an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach lena mbaineann a chur ar an eolas; agus
 - (d) fógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* lena n-iarrtar tuairimí a thíolacadh i scríbhinn laistigh de thréimhse ama arna forordú ag an gCoimisiún.
4. I gcás ina dtagann an Coimisiún ar an tátal, le linn réamh-athbhreithnithe, nach bhfuil tásca leordhóthanacha ann chun grinn-imscrúdú a thionscnamh, toisc nach bhfuil fóirdheontas eachtrach ann nó toisc nach bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhfuil saobhadh iarbhir nó féideartha sa mhargadh inmheánach, dúnfaidh sé an réamh-athbhreithniú, agus cuirfidh sé é sin in iúl don ghnóthas atá faoi imscrúdú agus do na Ballstáit a cuireadh ar an eolas de bhun mhír 2, agus don údarás conarthach nó eintiteas conarthach lena mbaineann i gcás inar tionscnaíodh an réamh-athbhreithniú i ndáil le nós imeachta soláthair phoiblí.

Airteagal 11
An grinn-imscrúdú

1. Le linn an ghrinn-imscrúdaithe, déanfaidh an Coimisiún measúnú breise ar an bhfóirdheontas eachtrach, ar fóirdheontas é a sainaitníodh sa chinneadh chun an grinn-imscrúdú a thionscnamh, agus lorgóidh sé an fhaisnéise uile a mheasann sé a bheith riachtanach i gcomhréir le hAirteagail 13, 14 agus 15.
2. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, de bhun Airteagail 4, 5 agus 6, go bhfuil an margadh inmheánach á shaobhadh ag fóirdheontas eachtrach, féadfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i bhfoirm cinneadh lena bhforchuirtear bearta sásaimh ('cinneadh lena ngabhann bearta sásaimh'). Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).
3. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, de bhun Airteagal 4, 5 agus 6, go bhfuil an margadh inmheánach á shaobhadh ag fóirdheontas eachtrach agus go bhfuil gealltanais á dtairiscint ag an gnóthas atá faoi imscrúdú, ar gealltanais iad a mheasann an Coimisiún a bheith iomchuí agus leordhóthanach chun an saobhadh a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach, féadfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i bhfoirm cinneadh chun na gealltanais sin a dhéanamh ceangailteach ar an ngnóthas ('cinneadh lena ngabhann gealltanais'). Maidir le cinneadh lena nglactar le haisíoc fóirdheontais eachtraigh i gcomhréir le hAirteagal 7(6), déanfar é a mheas mar chinneadh lena ngabhann gealltanais. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme i bhfoirm cinneadh gan aon agóid a dhéanamh (“cinneadh gan agóid”) i gcás ina gcinneann sé an méid seo a leanas:
- (a) ní dheimhnítear an réamh-mheasúnú a leagtar amach ina chinneadh chun grinn-imscrúdú a thionscnamh; nó
 - (b) is mó na héifeachtaí dearfacha atá ag saobhadh sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 6.
- Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).
5. Féachfaidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, le cinneadh a ghlacadh laistigh de thréimhse 18 mí ó thionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe.

Airteagal 12

Bearta eatramhacha

1. Chun an iomaíocht a chaomhnú sa mhargadh inmheánach agus damáiste doleigheasta a chosc, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i bhfoirm cinneadh lena n-ordaítear bearta eatramhacha, sna cásanna seo a leanas:
- (a) tá tásca leordhóthanacha ann gur fóirdheontas eachtrach atá i ranníocaíocht airgeadais agus tá an margadh inmheánach á shaobhadh aici; agus

- (b) tá riosca ann go ndéanfaí dochar tromchúiseach doleigheasta don iomaíocht ar an margadh inmheánach.

Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

2. Go háirithe, ach ní go heisiach, féadfaidh sé go mbeidh ar na bearta eatramhacha sin na bearta a luaitear faoi Airteagal 7(4), pointí (a), (c) agus (d). Ní fhéadfar aon bhearta eatramhacha a dhéanamh maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí.
3. Beidh feidhm ag na bearta eatramhacha ar feadh tréimhse shonrach ama, a fhéadfar a athnuachan a mhéid is gá agus is iomchuí, nó go dtí go ndéanfar an cinneadh críochnaitheach.

Airteagal 13

Iarrataí ar fhaisnéis

1. Chun na dualgais a shanntar dó leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún faisnéis a éileamh i gcomhréir leis an Airteagal seo.
2. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar ghnóthas atá faoi imscrúdú an fhaisnéis uile is gá a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis maidir lena thairiscint i nós imeachta soláthair phoiblí.
3. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis den sórt sin a éileamh ar ghnóthais eile nó ar chomhlachais gnóthas eile, lena n-áirítear faisnéis maidir lena dtairiscintí i nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na comhréireachta.

4. Maidir le hiarraidh ar fhaisnéis de bhun mhíreanna 2 nó 3:
- (a) luafar inti an bunús dlí agus an cuspóir atá aici, sonrúfar an fhaisnéis a éilítear agus leagfar síos teorainn ama iomchuí faoinar gá an fhaisnéis a sholáthar;
 - (b) beidh ráiteas inti á rá, más rud é go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear mícheart, neamhiomlán nó míthreorach, go bhféadfaí na fíneálacha nó na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 17 a fhorchur;
 - (c) beidh ráiteas inti, de bhun Airteagal 16, á rá go bhfuil cead ag an gCoimisiún, i gcás easpa comhair, cinneadh a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil dó.
5. Arna iarraidh sin don Choimisiún, soláthróidh na Ballstáit gach faisnéis is gá dó chun na dualgais a shanntar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 4, pointe (a).
6. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar thríú tír freisin an fhaisnéis uile is gá a sholáthar. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 4, pointí (a) agus (c).
7. Féadfaidh an Coimisiún agallamh a chur ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach a thoilíonn dul faoi agallamh chun faisnéis a bhailiú i ndáil le hábhar imscrúdúcháin. I gcás nach ar áitreabh an Choimisiúin nó ar an teileafón nó trí mhodh leictreonach eile a dhéantar agallamh, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas roimh an agallamh:
- (a) an Ballstát ar ar a chríoch atá an t-agallamh le déanamh a chur ar an eolas; nó

- (b) comhaontú a fháil ón tríú tír ar ar a críoch atá an t-agallamh le déanamh.

Airteagal 14

Cigireachtaí laistigh den Aontas

1. Chun na dualgais a shanntar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún na cigireachtaí uile is gá a dhéanamh ar ghnóthais nó ar chomhlachais gnóthas.
2. I gcás ina ndéanann an Coimisiún cigireacht den sórt sin, tabharfar de chumhacht do na hoifigigh atá údaraithe ag an gCoimisiún cigireacht a dhéanamh an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) dul isteach in aon áitreabh, ar aon thalamh agus in aon mhodh iompair atá ag an ngnóthas nó an comhlachas gnóthas;
 - (b) scrúdú a dhéanamh ar leabhair agus ar thaifid eile gnó, gan beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte, rochtain a fháil ar aon fhaisnéis a bhfuil rochtain ag an eintiteas is ábhar don chigireacht uirthi agus na leabhair nó na taifid sin a thógáil nó cóipeanna díobh nó sleachta astu a iarraidh;
 - (c) a iarraidh ar aon ionadaí ón ngnóthas nó ón gcomhlachas gnóthas nó ar aon bhall foirne den ghnóthas nó den chomhlachas gnóthas mínithe a thabhairt ar fhíorais nó ar dhoiciméid a bhaineann le hábhar agus cuspóir na cigireachta agus na freagraí a thairfeadh;
 - (d) aon áitreabh gnó agus leabhair nó taifid a shéalú ar feadh thréimhse na cigireachta agus don mhéid is gá don chigireacht.

3. Géillfidh an gnóthas nó comhlachas gnóthas do chigireachtaí arna n-ordú le cinneadh ón gCoimisiún. Déanfaidh na hoifigigh agus na daoine tionlacain eile atá údaraithe ag an gCoimisiún chun cigireacht a dhéanamh a gcumhachtaí a fheidhmiú ar chinneadh ón gCoimisiún a sholáthar:
- (a) ina sonraítear ábhar agus cuspóir na cigireachta;
 - (b) ina bhfuil ráiteas, de bhun Airteagal 16, á rá go bhfuil cead ag an gCoimisiún, i gcás easpa comhair, cinneadh a dhéanamh ar bhonn na bhfioras atá ar fáil dó;
 - (c) ina ndéantar tagairt don fhéidearthacht fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 17 a fhorchur; agus
 - (d) ina luaitear an ceart an cinneadh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena athbhreithniú de bhun Airteagal 263 CFAE.
4. In am trátha roimh an gcigireacht, tabharfaidh an Coimisiún fógra faoin gcigireacht don Bhallstát ar ar a chríoch atá an chigireacht le déanamh agus faoin dáta ar a bhfuil sé le tosú.
5. Arna iarraidh sin don Bhallstát nó don Choimisiún, déanfaidh oifigigh agus daoine eile a údaróidh nó a cheapfaidh an Ballstát ar ar a chríoch atá an chigireacht le déanamh cúnamh gníomhach a thabhairt do na hoifigigh agus do dhaoine tionlacain eile a bheidh údaraithe ag an gCoimisiún. Chuige sin, beidh na cumhachtaí a shonraítear i mír 2 acu.

6. I gcás ina gcinneann oifigigh nó daoine tionlacain eile atá údaraithe ag an gCoimisiún go bhfuil gnóthas nó comhlachas gnóthas ag cur i gcoinne cigireacht de réir bhrí an Airteagail seo, tabharfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a dhéantar an chigireacht gach cúnamh is gá dóibh agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh sé cúnamh na bpóilíní nó cúnamh údarais choibhéisigh forfheidhmiúcháin, ionas go mbeidh sé ar a gcumas a gcigireacht a dhéanamh. Má tá gá le húdarú a fháil ó údarás breithiúnach de réir rialacha náisiúnta i gcás an chúnamh dá bhforáiltear sa mhír seo, cuirfear iarratas isteach ar an údarú sin. Féadfar iarratas a dhéanamh ar an údarú sin mar bheart réamhchúraim freisin.
7. Arna iarraidh sin don Choimisiún, déanfaidh Ballstát ina chríoch féin aon chigireacht nó aon bheart aimsithe fíoras eile faoina dhlí náisiúnta chun a shuí an bhfuil nó nach bhfuil fóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach ann.

Airteagal 15

Cigireachtaí lasmuigh den Aontas

Chun na dualgais a shanntar dó leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún cigireachtaí a dhéanamh i gcríoch tríú tír, ar choinníoll gur tugadh fógra oifigiúil do rialtas an tríú tír sin agus nár chuir sé aon agóid in iúl i ndáil leis an gcigireacht. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh freisin ar an ngnóthas nó ar an gcomhlachas gnóthas a thoiliú a thabhairt don chigireacht. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 14(1), (2) agus (3), pointí (a) agus (b).

Airteagal 16
Neamh-chomhoibriú

1. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 10, Airteagal 11, Airteagal 25(3), pointe (c), nó Airteagal 31(2), ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil, i gcás gnóthas atá faoi imscrúdú nó tríú tír a dheonaigh an fóirdheontas eachtrach:
 - (a) go cuireann siad faisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach ar fáil mar fhreagairt ar iarraidh ar fhaisnéis faoi Airteagal 13;
 - (b) mura n-éiríonn leo an fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil laistigh den teorainn ama atá forordaithe ag an gCoimisiún;
 - (c) go ndiúltaíonn siad géilleadh do chigireacht an Choimisiúin laistigh nó lasmuigh den Aontas a ordaíodh faoi Airteagal 14 nó 15; nó
 - (d) go gcuireann sé bac ar an réamh-athbhreithniú nó ar an ngrinn-imscrúdú.
2. I gcás inar thug gnóthas nó comhlachas gnóthas, Ballstát nó an tríú tír faisnéis mhícheart nó mhíthreorach don Choimisiún, déanfar neamhaird ar an bhfaisnéis sin.

3. I gcás nach gcuireann gnóthas, lena n-áirítear gnóthas poiblí atá á rialú go díreach nó go neamhdhíreach ag an Stát, an fhaisnéis is gá ar fáil chun a chinneadh an dtugann nó nach dtugann ranníocaíocht airgeadais tairbhe dó, féadfar a mheas go bhfuair an gnóthas sin an tairbhe sin.
4. Agus na fíorais atá ar fáil á gcur i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé nach mbeadh toradh an nós imeachta chomh fabhrach don ghnóthas agus a bheadh dá gcomhoibreodh sé.

Airteagal 17

Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gcás ina ndéanann gnóthas nó comhlachas gnóthas, d'aon ghnó nó le faillí, an méid seo a leanas:
 - (a) faisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach a thabhairt mar fhreagairt ar iarraidh ar fhaisnéis faoi Airteagal 13 nó gan an fhaisnéis a thabhairt laistigh den teorainn ama fhorordaithe;
 - (b) na leabhair a éilítear nó taifid eile a bhaineann leis an ngnó a chur ar fáil i bhfoirm neamhiomlán le linn cigireachtaí faoi Airteagal 14;
 - (c) mar fhreagairt ar cheist a cuireadh i gcomhréir le hAirteagal 14(2), pointe (c):
 - (i) go dtugann siad freagra mícheart nó míthreorach;

- (ii) go dteipeann orthu freagra mícheart, neamhiomlán nó míthreorach a thug ball foirne a cheartú laistigh de theorainn ama arna socrú ag an gCoimisiún; nó
 - (iii) go dteipeann orthu freagra iomlán a sholáthar maidir le fíorais a bhaineann le hábhar agus le cuspóir cigireachta a ordáíodh trí chinneadh a glacadh de bhun Airteagal 14(3), nó go ndiúltaíonn siad freagra a thabhairt;
 - (d) go ndiúltaíonn siad géilleadh do chigireachtaí a ordáíodh faoi Airteagal 14 nó gur bhris siad séalaí a greamaíodh i gcomhréir le hAirteagal 14(2), pointe (d); nó
 - (e) mainníonn sé na coinníollacha maidir le rochtain ar an gcomhad nó na téarmaí nochta arna bhforchur ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 42(4) a chomhlíonadh.
2. Na fíneálacha a ghearrfar faoi mhír 1, ní bheidh siad níos mó ná 1 % de láimhdeachas comhiomlán an ghnóthais nó an chomhlachais ghnóthas lena mbaineann sa bhliain airgeadais roimhe sin.
3. Maidir leis na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirtear faoi mhír 1, ní rachaidh na híocaíochtaí thar 5 % de mheánláimhdeachas comhiomlán laethúil an ghnóthais nó an chomhlachais ghnóthas lena mbaineann sa bhliain airgeadais roimhe sin in aghaidh gach lae moille ar lá oibre é, a ríomhfar ón dáta a bhunaítear leis an gcinneadh, go dtí go dtíolacfaidh sé faisnéis iomlán agus cruinn arna héileamh ag an gCoimisiún, nó go dtí go ngéillfidh sé do chigireacht.
4. Sula nglacfaidh sé aon chinneadh i gcomhréir le mír 1, pointe (a), socróidh an Coimisiún teorainn ama deiridh 2 sheachtain chun an fhaisnéis atá in easnamh a fháil ón ghnóthas nó ón gcomhlachas gnóthas.

5. I gcás nach gcomhlíonann gnóthas cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 11(3), cinneadh lena n-ordaítear bearta eatramhacha de bhun Airteagal 12 nó cinneadh lena ngabhann bearta sásaimh de bhun Airteagal 11(2), féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, na nithe seo a leanas a fhorchur:
- (a) fineálacha nach mó ná 10 % de láimhdeachas comhiomlán an ghnóthais lena mbaineann sa bhliain airgeadais roimhe sin; nó
 - (b) íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla nach mó ná 5 % de mheánláimhdeachas comhiomlán laethúil an ghnóthais lena mbaineann sa bhliain airgeadais roimhe sin in aghaidh gach lae a bheidh neamhchomhlíonadh i gceist, ag tosú ón lá a dhéanfaidh an Coimisiún cinneadh lena bhforchuirfear na híocaíochtaí pionósacha sin, go dtí go gcinnfidh an Coimisiún go gcomhlíonann an gnóthas lena mbaineann an cinneadh.
- Féadfaidh an Coimisiún fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla den sórt sin a fhorchur freisin i gcás nach gcomhlíonfaidh an gnóthas cinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagail 11, 25 nó 31, ar cinneadh é lena gcuirtear d'oibleagáid ar an ngnóthas an Coimisiún a chur ar an eolas faoi a rannpháirtíocht amach anseo i gcomhchruinnithe nó i nósanna imeachta soláthair phoiblí de bhun Airteagal 8.
6. Agus méid na fineála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla á shocrú aige, tabharfaidh an Coimisiún aird ar chineál, tromchúis agus fad an tsáraithe, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail na comhréireachta agus na hoiriúnachta.

7. I gcás ina gcomhlíonann an gnóthas nó an comhlachas gnóthas lena mbaineann an oibleagáid a bhí beartaithe a fhorfheidhmiú leis an íocaíocht phionósach thréimhsiúil, féadfaidh an Coimisiún méid cinntitheach na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a laghdú i gcomparáid leis an méid a íocadh faoin gcéad chinneadh lena bhforchuirtear íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla.

Airteagal 18

Cúlghairm

1. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a glacadh de bhun Airteagal 11(2), (3) nó (4), Airteagal 25(3), agus Airteagal 31(1), (2) nó (3), a chúlghairm agus gníomh cur chun feidhme nua i bhfoirm cinneadh a ghlacadh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
- (a) déanann an gnóthas ar díriodh an cinneadh tosaigh air gníomhartha atá contrártha lena ghealltanais nó leis na bearta sásaimh a forchuireadh;
 - (b) bunaíodh an cinneadh tosaigh ar fhaisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach;
 - (c) níl gealltanais ná bearta sásaimh éifeachtach.
- Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).
2. I gcás ina ndéanann an Coimisiún cúlghairm agus cinneadh nua a ghlacadh faoi mhír 1, ní dhéanfar difear do chinneadh an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh a dhámhann conradh. Ní dhéanfaidh siad difear ach oiread do chonradh a tugadh i gcrích cheana tar éis cinneadh dámhachtana den sórt sin.

Caibidil 3

Comhchruinnithe

Airteagal 19

Saobhadh ar an margadh inmheánach arb iad fóirdheontais eachtracha i gcomhchruinnithe is cúis leis

Agus measúnú á dheanamh an ndéanann fóirdheontas eachtrach i gcomhchruinniú saobhadh sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 4 nó 5, beidh an measúnú sin teoranta don chomhchruinniú lena mbaineann. Ní bhreithneofar sa mheasúnú ach fóirdheontais eachtracha a deonaíodh sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil.

Airteagal 20

Comhchruinnithe agus tairseacha maidir le fógra a thabhairt ina leith

1. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar comhchruinniú a bheith ann i gcás ina dtagann athrú ar rialú ar bhonn marthanach mar thoradh ar cheachtar díobh seo a leanas:
 - (a) cumasc dhá ghnóthas nó níos mó a bhí neamhspleách roimhe seo nó codanna de na gnóthais sin;
 - (b) rialú díreach nó indíreach ar ghnóthas iomlán amháin nó níos mó nó ar chodanna de na gnóthais sin a bheith faighte ag duine amháin nó níos mó a bhfuil aon ghnóthas amháin ar a laghad á rialú aige nó acu, nó a bheith faighte ag aon ghnóthas amháin nó níos mó, cibé acu trí cheannach urrús nó sócmhainní, trí chonradh nó trí aon mhodh eile.

2. Má chruthaítear comhfhiontar a dhéanann feidhmeanna uile eintitis eacnamaíoch neamhspleách a fheidhmiú ar bhonn buan, beidh an comhfhiontar sin ina chomhchruinniú de réir bhrí mhír 1.
3. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar ‘comhchruinniú infhógartha’ a bheith ann más rud é go ndéanfar na nithe seo a leanas i gcomhchruinniú:
 - (a) go bhfuil ceann amháin ar a laghad de na gnóthais atá i mbun cumaisc, an gnóthas a fuarthas, nó an comhfhiontar bunaithe san Aontas agus go ngineann sé láimhdeachas comhiomlán EUR 500 milliún ar a laghad san Aontas; agus
 - (b) gur deonaíodh do na gnóthais seo a leanas ranníocaíochtaí airgeadais comhcheangailte comhiomlána de bhreis agus EUR 50 milliún ó thríú tíortha sna 3 bliana sular tugadh an comhaontú i gcrích, sular fógraíodh an tairiscint phoiblí, nó sula bhfuarthas leas rialaithe:
 - (i) i gcás éadála, an faighteoir nó na faighteoirí agus an gnóthas a fuarthas;
 - (ii) i gcás cumaisc, na gnóthais a bhfuil cumasc á dhéanamh acu;
 - (iii) i gcás comhfhiontair, na gnóthais a bhunaíonn comhfhiontar agus an comhfhiontar.

4. Ní mheasfar comhchruinniú a bheith i gceist sna cásanna seo a leanas:
- (a) institiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais eile nó cuideachtaí árachais, a n-áirítear ar a ngnáthghníomhaíochtaí idirbhearta agus déileáil in urrúis dá gcuntas féin nó do chuntas daoine eile, a shealbhaíonn ar bhonn sealadach urrúis atá faighte acu i ngnóthas d'fhonn iad a athdhíol, ar choinníoll nach bhfeidhmíonn siad cearta vótála i leith na n-urrús sin d'fhonn iompar iomaíoch an ghnóthais sin a chinneadh nó ar choinníoll nach bhfeidhmíonn siad na cearta vótála sin ach amháin d'fhonn diúscairt an ghnóthais sin go léir nó cuid de nó dá shócmhainní nó diúscairt na n-urrús sin a ullmhú agus go dtarlaíonn aon diúscairt den sórt sin laistigh d'aon bhliain amháin ó dháta na fála;
 - (b) má fhaigheann sealbhóir oifige rialú i gcomhréir le dlí Ballstáit a bhaineann le leachtú, foirceannadh, dócmhainneacht, scor íocaíochtaí, imshocraíochtaí nó imeachtaí cosúil leo sin;

- (c) is iad na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 15 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ a dhéanann na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), ar choinníoll go bhfeidhmítear na cearta vótála i ndáil leis an sealúchas, go háirithe i ndáil le ceapadh chomhaltaí chomhlachtaí bainistíochta agus maoirseachta na ngnóthas ina bhfuil sealúchais acu, chun luach iomlán na n-infheistíochtaí sin a choinneáil agus chun na críche sin amháin agus ní chun iompar iomaíoch na ngnóthas sin a chinneadh go díreach nó go hindíreach.

Féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an tréimhse bliana dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), arna iarraidh sin, i gcás inar féidir le hinstiúidí nó cuideachtaí lena mbaineann a thaispeáint nárbh fhéidir, go réasúnta, an diúscairt a dhéanamh laistigh den tréimhse a socraíodh;

5. Is é a bheidh sa rialú cearta, conarthaí nó modh ar bith eile lena dtugtar an fhéidearthacht, go leithleach nó i gcomhcheangal agus ag féachaint do bhreithnithe fíorais nó dlí lena mbaineann, tionchar cinntitheach a imirt ar ghnóthas, go háirithe trí na nithe seo a leanas:
- (a) trí úinéireacht nó tríd an gceart chun na sócmhainní uile de chuid gnóthais, nó cuid díobh, a úsáid;
- (b) trí chearta nó conarthaí a mbíonn tionchar cinntitheach acu ar chomhdhéanamh, vótáil nó cinntí chomhlachtaí an ghnóthais.

¹ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

6. Is iad na daoine nó na gnóthais a gheobhaidh an rialú na daoine nó na gnóthais sin:
- (a) ar sealbhóirí iad ar na cearta nó atá i dteideal cearta faoi na conarthaí lena mbaineann; nó
 - (b) nach sealbhóirí iad ar na cearta sin nó nach bhfuil i dteideal na gceart sin, ach a bhfuil an chumhacht acu na cearta a eascraíonn uathu sin a fheidhmiú.

Airteagal 21

Réamhfhógra a thabhairt maidir le comhchruinnithe

1. Tabharfar fógra faoi chomhchruinnithe infhógartha don Choimisiún sula gcuirfear chun feidhme é agus i ndiaidh an comhaontú a thabhairt i gcrích, i ndiaidh an tairiscint phoiblí a fhógairt, nó i ndiaidh leas rialaithe a fháil.
2. Féadfaidh na gnóthais lena mbaineann fógra a thabhairt freisin don chomhchruinniú atá beartaithe nuair a thaispeánann siad rún de mheon macánta don Choimisiún comhaontú a thabhairt i gcrích nó, i gcás tairiscint phoiblí, nuair atá rún chun tairiscint den sórt sin a dhéanamh fógartha go poiblí acu, ar choinníoll go mbeadh comhchruinniú infhógartha mar thoradh ar an gcomhaontú nó ar an tairiscint atá beartaithe faoi mhír 1.
3. Comhchruinniú lena gcuimsítear cumasc de réir bhrí Airteagal 20(1), pointe (a), nó le linn comhrialú a fháil de réir bhrí Airteagal 20(1), pointe (b), déanfaidh na páirtithe sa chumasc nó na páirtithe a bhfuil comhrialú á fháil acu, de réir an cháis, fógra a thabhairt ina leith ar bhonn comhpháirteach. I ngach cás eile, is é an duine nó an gnóthas a bhfuil rialú á fháil acu ar iomlán nó ar chodanna de ghnóthas amháin nó níos mó a thabharfaidh an fógra.

4. I gcás nach gcomhlíonann na gnóthais lena mbaineann a n-oibleagáid fógra a thabhairt, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chomhchruinniú infhógartha i gcomhréir leis an Rialachán seo trí fhógra faoin gcomhchruinniú sin a iarraidh. Sa chás sin, ní bheidh an Coimisiún faoi cheangal ag na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 24(1) agus (4).
5. Féadfaidh an Coimisiún fógra a iarraidh roimh ré maidir le haon chomhchruinniú nach bhfuil ina chomhchruinniú infhógartha de réir bhrí Airteagal 20 tráth ar bith sula gcuirfear chun feidhme é i gcás ina measann an Coimisiún gur deonaíodh do na gnóthais lena mbaineann fóirdheontais eachtracha sna 3 bliana roimh an gcomhchruinniú. Measfar gur comhchruinniú infhógartha comhchruinniú den sórt sin chun críocha an Rialacháin seo.

Airteagal 22

Láimhdeachas a ríomh

1. Cuimseofar le láimhdeachas comhiomlán na méideanna arna ndíorthú ag na gnóthais lena mbaineann sa bhliain airgeadais roimhe sin ó dhíol táirgí agus ó sholáthar seirbhísí a thagann faoi chuimsiú ghnáthghníomhaíochtaí na ngnóthas tar éis lacáistí díolacháin agus cáin bhreisluacha agus cánacha eile a bhaineann go díreach le láimhdeachas a asbhaint. Ní bheidh díol táirgí nó soláthar seirbhísí idir na gnóthais dá dtagraítear i mír 4 san áireamh le láimhdeachas comhiomlán gnóthais lena mbaineann.

Is é a bheidh sa láimhdeachas san Aontas táirgí a dhíoltar le gnóthais nó le tomhaltóirí agus seirbhísí a sholáthraítear do ghnóthais nó do thomhaltóirí san Aontas.

2. De mhaolú ar mhír 1, más codanna a fháil, bíodh na codanna sin ina n-eintitis dhlíthiúla nó ná bíodh, de chuid gnóthais amháin nó níos mó atá sa chomhchruinniú, ní chuirfear san áireamh, a mhéid a bhaineann leis an díoltóir nó na díoltóirí, ach an láimhdeachas a bhaineann leis na codanna atá ina n-ábhar den chomhchruinniú.

Mar sin féin, maidir le dhá idirbheart nó níos mó de réir bhrí na chéad fhomhíre den mhír seo a dhéantar laistigh de thréimhse 2 bhliain idir na daoine céanna nó na gnóthais chéanna, caithfear leo mar an comhchruinniú ceannann céanna a eascraíonn ar dháta an idirbhirt dheiridh.

3. Úsáidfear an méid seo a leanas in ionad láimhdeachais:

(a) maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais eile, suim na míreanna ioncaim a leanas de réir mar a shainmhínítear i dTreoir 86/635/CEE ón gComhairle¹, tar éis cáin bhreisluacha agus cánacha eile a bhaineann go díreach leis na míreanna sin a asbhaint, nuair is iomchuí:

(i) ioncam ó ús agus ioncam dá samhail;

¹ Treoir 86/635/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1986 maidir leis na cuntais bhliantúla agus na cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1).

- (ii) ioncam ó urrúis:
 - ioncam ó scaireanna agus ó urrúis toraidh athraithigh eile,
 - ioncam ó leasanna rannpháirteachais,
 - ioncam ó scaireanna i ngnóthais ghaolmhara;
 - (iii) coimisiúin infhaighte;
 - (iv) glanbhrabús as oibríochtaí airgeadais;
 - (v) ioncam oibriúcháin eile;
- (b) maidir le gnóthais árachais, luach na bpréimheanna comhlána scríofa lena gcuimsítear méideanna uile arna bhfáil agus atá infhaighte maidir le conarthaí árachais arna n-eisiúint ag na gnóthais árachais nó ar a son, lena n-áirítear freisin préimheanna athárachais amach, agus tar éis cánacha agus ranníocaíochtaí nó tobhaigh leathfhioscacha arna ngearradh trí thagairt do mhéideanna na bpréimheanna aonair nó do mhéid iomlán na bpréimheanna a asbhaint;

Chun críocha phointe (a), maidir le hinstitiúid creidmheasa nó institiúid airgeadais, cuimseofar leis an láimhdeachas san Aontas míreanna ioncaim, mar a shainmhínítear sa phointe sin, a fhaigheann brainse nó rannán na hinstitiúide sin atá bunaithe san Aontas.

Chun críche phointe (b), i gcás gnóthas árachais, cuimseofar leis an láimhdeachas san Aontas préimheanna comhlána a fhaightear ó chónaitheoirí an Aontais.

4. Gan dochar do mhír 2, déanfar láimhdeachas comhiomlán gnóthais lena mbaineann a ríomh tríd na láimhdeachais seo a leanas a chur le chéile:
- (a) láimhdeachas an ghnóthais lena mbaineann;
 - (b) láimhdeachas na ngnóthas a bhfuil an méid a leanas fíor fúthu, go díreach nó go hindíreach, maidir leis an ngnóthas lena mbaineann:
 - (i) gur leis níos mó ná leath na sócmhainní caipitil nó gnó,
 - (ii) go bhfuil an chumhacht aige níos mó ná a leath de na cearta vótála a fheidhmiú,
 - (iii) go bhfuil an chumhacht aige níos mó ná leath na gcomhaltaí den bhord maoirseachta, den bhord riaracháin nó de na comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht dhlíthiúil do na gnóthais sin a cheapadh, nó
 - (iv) go bhfuil an ceart aige gnóthaí na ngnóthas sin a bhainistiú;
 - (c) láimhdeachas na ngnóthas ina bhfuil aon cheann de na cearta nó na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) sna gnóthas lena mbaineann;
 - (d) láimhdeachas na ngnóthas ina bhfuil aon cheann de na cearta nó na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) ag gnóthas dá dtagraítear i bpointe (c);
 - (e) láimhdeachas na ngnóthas ina bhfuil aon cheann de na cearta nó na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) go comhpháirteach ag dhá ghnóthas nó níos mó dá dtagraítear i bpointí (a) go (d).

5. I gcás ina bhfuil na cearta nó na cumhachtaí a liostaítear i mír 4, pointe (b), ag na gnóthais lena mbaineann go comhpháirteach chun láimhdeachas comhiomlán na ngnóthas lena mbaineann a ríomh:
- (a) cuirfear san áireamh an láimhdeachas atá mar thoradh ar dhíol táirgí nó ar sholáthar seirbhísí idir an comhghnóthas agus aon tríú gnóthais, agus déanfar an láimhdeachas sin a chionroinnt go cothrom ar na gnóthais lena mbaineann;
 - (b) ní chuirfear san áireamh an láimhdeachas atá mar thoradh ar dhíol táirgí nó ar sholáthar seirbhísí idir an comhghnóthas agus gach ceann de na gnóthais lena mbaineann nó aon ghnóthas eile atá bainteach le haon cheann acu, mar a leagtar amach i mír 4, pointí (b) go (e).

Airteagal 23

Comhbhailiú na ranníocaíochtaí airgeadais

Ríomhfar an ranníocaíocht airgeadais chomhiomlán le gnóthas lena mbaineann trí na ranníocaíochtaí airgeadais arna soláthar ag tríú tíortha do na gnóthais uile dá dtagraítear in Airteagal 22(2) agus in Airteagal 22(4), pointí (a) go (e) a chur le chéile.

Airteagal 24

Fionraí ar chomhchruinnithe agus teorainneacha ama

1. Ní chuirfear comhchruinniú infhógartha chun feidhme sula dtabharfar fógra ina leith.

Sa bhreis air sin:

- (a) i gcás ina bhfaigheann an Coimisiún fógra comhiomlán, ní chuirfear an comhchruinniú chun feidhme ar feadh tréimhse 25 lá oibre tar éis an fógra sin a fháil.
- (b) i gcás ina dtionscnaíonn an Coimisiún grinn-imscrúdú tráth nach déanaí ná 25 lá oibre tar éis dó an fógra comhiomlán a fháil, ní chuirfear an comhchruinniú chun feidhme ar feadh tréimhse 90 lá oibre tar éis thionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe. Cuirfear 15 lá oibre leis an tréimhse sin i gcás ina dtairgeann na gnóthais lena mbaineann gealltanais de bhun Airteagal 7 d'fhonn an saobhadh sa mhargadh inmheánach a leigheas.
- (c) i gcás inar ghlac an Coimisiún cinneadh faoi Airteagal 24(3), pointe (a) nó pointe (b), féadfar an comhchruinniú a chur chun feidhme ina dhiaidh sin.

Tosóidh an tréimhse ama dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) ar an lá oibre tar éis an fógra comhiomlán a fháil nó tar éis an chinnidh ábhartha ón gCoimisiún a ghlacadh.

2. Ní chuirfidh mír 1 cosc ar chur chun feidhme tairisceana poiblí nó sraithe idirbheart urrús lena n-áirítear iad siúd atá in-chomhshóite go hurrúis eile agus a nglactar leo chun a dtrádála ar mhargadh amhail stocmhalartán, trína bhfaightear rialú ó dhíoltóirí éagsúla, ar na coinníollacha seo a leanas:
- (a) tabharfar fógra i leith an chomhchruinnithe don Choimisiún de bhun Airteagal 21 gan mhoill; agus
 - (b) ní fheidhmíonn an faighteoir na cearta vótála atá ceangailte leis na hurrúis atá i gceist nó déanann sé amhlaidh chun críocha luach iomlán a infheistíochtaí a choimeád bunaithe ar mhaolú a dheonaigh an Coimisiún faoi mhír 3 den Airteagal seo.
3. Féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin, maolú a dheonú i leith na n-oibleagáidí a leagtar síos i míreanna 1 nó 2. Luafar in iarraidh ar mhaolú a dheonú na forais atá le iarraidh den sórt sin. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an iarraidh, cuirfidh an Coimisiún san áireamh, go háirithe, iarmhairtí na fionraí ar ghnóthas amháin nó níos mó a mbaineann an comhchruinniú leo nó ar thríú páirtí, mar aon leis an riosca go ndéanfaidh an comhchruinniú saobhadh sa mhargadh inmheánach. Féadfar maolú den sórt sin a dhéanamh faoi réir coinníollacha agus oibleagáidí áirithe chun a áirithiú nach mbeidh aon saobhadh sa mhargadh inmheánach. Is féidir iarratas a dhéanamh ar mhaolú agus maolú a dheonú ag am ar bith, roimh an bhfógra nó tar éis an idirbhirt.
4. Cuirfear síneadh leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo má dhéanann na gnóthais lena mbaineann iarraidh chuige sin tráth nach déanaí ná 15 lá oibre tar éis thionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe de bhun Airteagal 10. Ní fhéadfaidh na gnóthais lena mbaineann ach iarraidh amháin den sórt sin a dhéanamh.

Féadfaidh an Coimisiún, le comhaontú na ngnóthas lena mbaineann, síneadh a chur leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo tráth ar bith tar éis thionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe.

Ní bheidh tréimhse iomlán aon sínidh nó síntí de bhun na míre seo níos faide ná 20 lá oibre.

5. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn eisceachtúil, na teorainneacha ama dá bhforáiltear i mír 1 a chur ar fionraí i gcás nár sholáthair na gnóthais an fhaisnéis iomlán a d'éiligh sé faoi Airteagal 13 nó inar dhiúltaigh siad géilleadh do chigireacht arna hordú le cinneadh de bhun Airteagal 14.
6. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 25(3) gan ceangal a bheith air leis na teorainneacha ama dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, sna cásanna a leanas:
 - (a) ina gcinnfidh sé gur cuireadh comhchruinniú chun feidhme de shárú ar na gealltanais a ghabhann le cinneadh arna ghlacadh faoi Airteagal 25(3), pointe (a); nó
 - (b) go ndearnadh cinneadh a chúlghairm de bhun Airteagal 25(1).
7. Ní mheasfar aon idirbheart a dhéantar de shárú ar mhír 1 a bheith bailí ach amháin tar éis cinneadh de bhun Airteagal 25(3) a bheith glactha.

8. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le bailíocht idirbheart urrús lena n-áirítear iad siúd atá in-chomhshóite go hurrúis eile agus a nglactar leo chun a dtrádála ar mhargadh amhail stocmhalartán, mura raibh an ceannaitheoir agus an díoltóir ar an eolas nó ar cheart iad a bheith ar an eolas go ndearnadh an t-idirbheart a chur chun feidhme de shárú ar mhír 1.

Airteagal 25

Rialacha nós imeachta is infheidhme maidir leis an réamh-athbhreithniú agus an grinn-imscrúdú ar chomhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith

1. Beidh feidhm ag Airteagail 10, 11(1), (3) agus (4), Airteagail 12 go 16 agus 18 maidir le comhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith.
2. Féadfaidh an Coimisiún grinn-imscrúdú a thionscnamh faoi Airteagal 10(3) tráth nach déanaí ná 25 lá oibre tar éis dó an fógra comhiomlán a fháil.
3. Tar éis an ghrinn-imscrúdaithe, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme i bhfoirm ceann de na cinntí seo a leanas:
 - (a) cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 11(3);
 - (b) cinneadh gan agóid de bhun Airteagal 11(4); nó
 - (c) cinneadh lena gcuirtear toirmeasc ar chomhchruinniú, i gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil fóirdheontas eachtrach a bhfuil an margadh inmheánach á shaobhadh aige de bhun Airteagail 4, 5 agus 6.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

4. Déanfar cinntí de bhun mhír 3 a ghlacadh laistigh de 90 lá oibre tar éis thionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe, agus cuirfear síneadh leo, de réir mar a bheidh, de bhun Airteagal 24(1), pointe (b), agus míreanna (4) agus (5). Mura nglacfaidh an Coimisiún cinneadh laistigh den teorainn ama sin, ceadófar do na gnóthais lena mbaineann an comhchruinniú a chur chun feidhme.
5. In aon iarraidh ar fhaisnéis chuig gnóthas, sonróidh an Coimisiún an gcuirfear teorainneacha ama ar fionraí de bhun Airteagal 24(5), i gcás go dteipfidh ar an ngnóthas faisnéis iomlán a chur ar fáil laistigh den teorainn ama fhorordaithe.
6. I gcás ina gcinneann an Coimisiún gur cuireadh chun feidhme cheana féin comhchruinniú is infhógartha faoi Airteagal 21(1) nó ar tugadh fógra ina leith arna iarraidh sin don Choimisiún faoi Airteagal 21(5) agus go saobhtar, le fóirdheontais eachtracha sa chomhchruinniú sin, an margadh inmheánach de bhun Airteagail 4, 5 agus 6, féadfaidh sé ceann amháin de na bearta seo a leanas a ghlacadh:
 - (a) a éileamh ar na gnóthais lena mbaineann an comhchruinniú a dhíscaoileadh, go háirithe trí dhíscaoileadh an chumaisc nó trí dhiúscairt na scaireanna nó na sócmhainní uile arna bhfáil, ionas go ndéanfar an cás a bhí i réim roimh chur chun feidhme an chomhchruinnithe a athbhunú; nó, i gcás nach féidir an cás a athbhunú trí dhíscaoileadh an chomhchruinnithe, aon bheart eile atá iomchuí chun a leithéid d'athbhunú a bhaint amach a mhéid is féidir;

- (b) aon bheart iomchuí eile a ordú d'fhonn a áirithiú go ndéanfaidh na gnóthais lena mbaineann an comhchruinniú a dhíscaoileadh nó go nglacfaidh siad bearta athbhunaithe eile de réir mar atá riachtanach ina chinneadh.

Féadfaidh an Coimisiún na bearta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den mhír seo a fhorchur i gcinneadh de bhun mhír 3, pointe (c) den Airteagal seo, nó trí chinneadh ar leithligh.

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme a ghlacadh i bhfoirm cinneadh lena n-ordaítear aon cheann de na bearta dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) den mhír seo a ghlacadh i gcás ina gcinneann sé gur cuireadh comhchruinniú chun feidhme de shárú ar chinneadh a glacadh de bhun mhír (3), pointe (a) den Airteagal seo, lena bhfuarthas amach, in éagmais na ngealltanais, go gcomhlíonfadh an comhchruinniú an critéar a leagtar síos i mír 3, pointe (c) den Airteagal seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh freisin i bhfoirm cinneadh lena n-ordaítear bearta eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 12 sna cásanna seo a leanas:

- (a) cuireadh comhchruinniú chun feidhme de shárú ar Airteagal 21;
- (b) cuireadh comhchruinniú chun feidhme de shárú ar chinneadh lena ngabhann gealltanais faoi mhír 3, pointe (a) den Airteagal seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

Airteagal 26

Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhfuil feidhm acu maidir le comhchruinnithe

1. Féadfaidh an Coimisiún fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur mar a leagtar amach in Airteagal 17.
2. Féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, fíneálacha nach mó ná 1 % dá láimhdeachas comhiomlán sa bhliain airgeadais roimhe sin a fhorchur freisin ar na gnóthais lena mbaineann i gcás ina ndéanann na gnóthais sin, d'aon ghnó nó le faillí, faisnéis mhícheart nó mhíthreorach a sholáthar i bhfógra de bhun Airteagal 21 nó mar fhorlíonadh air sin.
3. Féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, fíneálacha nach mó ná 10 % dá láimhdeachas comhiomlán sa bhliain airgeadais roimhe sin a fhorchur freisin ar na gnóthais lena mbaineann má dhéanann na gnóthais na nithe seo a leanas, d'aon ghnó nó le faillí:
 - (a) go dteipeann orthu fógra a thabhairt faoi chomhchruinniú infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 21 sula gcuirfear chun feidhme é, mura n-údaraítear go sainráite dóibh é sin a dhéanamh le hAirteagal 24;
 - (b) go gcuireann siad comhchruinniú ar tugadh fógra ina leith chun feidhme de shárú ar Airteagal 24;
 - (c) comhchruinniú ar tugadh fógra ina leith a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 25(3), pointe (c);
 - (d) go ndeachaigh siad timpeall ar na ceanglais maidir le fógra a thabhairt nó go ndearna siad iarracht dul timpeall orthu, amhail dá dtagraítear in Airteagal 39(1).

Caibidil 4

Nósanna imeachta soláthair phoiblí

Airteagal 27

Fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí

Maidir le fóirdheontais eachtracha arb iad is cúis le saobhadh sa nós imeachta soláthair phoiblí, nó a bhfuil baol ann go ndéanfaidh siad saobhadh sa nós imeachta soláthair phoiblí, tuigfear iad mar fhóirdheontais eachtracha lena gcumasaítear d'oibreoir eacnamaíoch tairiscint a thíolacadh a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi i ndáil leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann. Beidh an measúnú de bhun Airteagal 4 i dtaobh an bhfuil saobhadh sa mhargadh inmheánach agus i dtaobh an bhfuil buntáiste míchuí ag baint le tairiscint i ndáil leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann teoranta don nós imeachta soláthair phoiblí atá i gceist. Ní chuirfear san áireamh sa mheasúnú ach fóirdheontais eachtracha a deonaíodh le linn na 3 bliana roimh an bhfógra.

Airteagal 28

Tairseacha maidir le fógra a thabhairt maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí

1. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar ranníocaíocht eachtracha airgeadais infhógartha i nós imeachta soláthair phoiblí a bheith ann i gcás:
 - (a) ina mbeidh luach measta an tsoláthair phoiblí nó an chreat-chomhaontaithe sin glan ó CBL, arna ríomh i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos in Airteagal 8 de Threoir 2014/23/AE, in Airteagal 5 de Threoir 2014/24/AE agus in Airteagal 16 de Threoir 2014/25/AE, nó i soláthar sonrach faoin gcóras ceannaigh dinimiciúil, cothrom le nó níos mó ná EUR 250 milliún; agus
 - (b) inar tugadh, sna 3 bliana sular tugadh fógra, ranníocaíochtaí airgeadais comhiomlána don oibreoir eacnamaíoch, lena n-áirítear a fhochuideachtaí gan neamhspleáchas tráchtála, a chuideachtaí sealbhaíochta, agus, i gcás inarb infheidhme, a phríomh-fhochonraitheoirí agus a sholáthróirí a bhfuil baint acu leis an tairiscint chéanna sa nós imeachta soláthair phoiblí nó, más infheidhme, an fógra nuashonraithe, cothrom le nó níos mó ná EUR 4 mhilliún in aghaidh an tríú tír.

2. I gcás ina gcinneann an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach an soláthar a roinnt ina luchtóga, measfar go mbeidh ranníocaíocht eachtrach airgeadais infhógartha i nós imeachta soláthair phoiblí ann i gcás inar mó luach measta an tsoláthair glan ó CBL ná an tairseach a leagtar síos i mír 1, pointe (a) agus i gcás ina bhfuil luach na luchtóige nó luach comhiomlán na luchtóg uile a bhfuil feidhm ag an tairgeoir maidir leo cothrom le nó níos mó ná EUR 125 mhilliún agus ina mbeidh an ranníocaíocht eachtrach airgeadais cothrom le nó níos mó ná an tairseach a leagtar síos i mír 1, pointe (b).
3. Na nósanna imeachta maidir le conarthaí a dhámhachtain a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/81/CE, ní thiocfaidh siad faoin gCaibidil seo.
4. Na nósanna imeachta maidir le conarthaí a dhámhachtain dá bhforáiltear le hAirteagal 32(2), pointe (c), de Threoir 2014/24/AE, agus le hAirteagal 50, pointe (d), de Threoir 2014/25/AE, cumhdófar iad le forálacha Chaibidil 2 den Rialachán seo agus eisiafar iad ó chur i bhfeidhm Chaibidil 4 den Rialachán seo.

5. De mhaolú ar Airteagal 29(1), i gcás nach féidir ach le hoibreoir eacnamaíoch ar leith na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí a sholáthar, i gcomhréir le hAirteagal 31(4), de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 32(2), pointe (b), de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 50, pointe (c), de Threoir 2014/25/AE agus go bhfuil luach measta an chonartha cothrom le nó níos lú ná an luach a shocraítear i mír, pointe (a), den Airteagal seo, cuirfidh oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil tairiscint nó iarraidh ar rannpháirtíocht á tíolacadh acu an Coimisiún ar an eolas faoi na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais uile má chomhlíontar an coinníoll a leagtar amach i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo. Gan dochar don fhéidearthacht athbhreithniú a thionscnamh faoi Chaibidil 2 den Rialachán seo, ní mheasfar gur fógra é faisnéis den sórt sin a thíolacadh agus ní bheidh sé faoi réir imscrúduithe faoin gCaibidil seo.
6. Sonróidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach san fhógra conartha nó, i gcás ina seoltar nós imeachta gan foilsiú roimh ré, sna doiciméid soláthair, go bhfuil na hoibreoirí eacnamaíochta faoin oibleagáid fógra a thabhairt mar a leagtar amach in Airteagal 29. Mar sin féin, tá easpa ráitis den sórt sin gan dochar do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le conarthaí a thagann faoina raon feidhme.

Airteagal 29

Réamhfhógra a thabhairt nó dearbhú maidir le ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí

1. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir le fógra a thabhairt faoi ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 28(1) agus (2), tabharfaidh oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach i nós imeachta soláthair phoiblí fógra don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach faoi na ranníocaíochtaí eachtracha uile mar a shainmhínítear in Airteagal 28(1), pointe (b). I ngach cás eile, liostóidh oibreoirí eacnamaíocha i ndearbhú na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais uile a fuarthas agus dearbhóidh siad nach bhfuil na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a fuarthas infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1), pointe (b). I nós imeachta oscailte, ní cuirfear an fógra nó an dearbhú isteach ach aon uair amháin, in éineacht leis an tairiscint. I nós imeachta ilchéimneach, cuirfear an fógra nó an dearbhú isteach faoi dhó, leis an iarraidh ar rannpháirtíocht ar dtús agus ansin mar fhógra nuashonraithe nó mar dhearbhu nuashonraithe leis an tairiscint nó an tairiscint deiridh a cuireadh isteach.
2. Ach a mbeidh an fógra nó an dearbhú curtha isteach, aistreoidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach an fógra nó an dearbhú chuig an gCoimisiún gan mhoill.

3. I gcás ina bhfuil fógra nó dearbhú ar iarraidh ón iarraidh ar rannpháirtíocht nó ón tairiscint, féadfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach a iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann an doiciméad ábhartha a thíolacadh faoi cheann 10 lá oibre. Tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht ó oibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir na n-oibleagáidí a shonraítear faoin Airteagal seo agus nach bhfuil an fógra nó an dearbhú a cuireadh isteach i gcomhréir le mír 1 ag gabháil leo ar deireadh, d'ainneoin iarraidh arna déanamh ag an údarás conarthach nó ag an eintiteas conarthach i gcomhréir leis an mír seo, dearbhóidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach go bhfuil siad neamhrialta agus diúltóidh sé dóibh. Cuirfidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach an Coimisiún ar an eolas faoin diúltú sin.
4. Scrúdóidh an Coimisiún ábhar an fhógra a gheofar gan moill mhíchuí. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil an fógra neamhiomlán, cuirfidh sé a thorthaí in iúl don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach agus don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, agus iarrfaidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch a ábhar a chomhlánú laistigh de 10 lá oibre. I gcás ina bhfuil fógra atá ag gabháil le tairiscint nó le hiarraidh ar rannpháirtíocht neamhiomlán, d'ainneoin iarraidh arna déanamh ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an mír seo, glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena ndearbhófar go bhfuil an tairiscint sin neamhrialta. Sa chinneadh sin, iarrfaidh an Coimisiún freisin ar an údarás conarthach nó ar an eintiteas conarthach cinneadh a ghlacadh lena ndiúltaítear tairiscint neamhrialta den sórt sin nó iarraidh neamhrialta den sórt sin ar rannpháirtíocht.

5. An oibleagáid fógra a thabhairt faoi ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais faoin Airteagal seo, beidh feidhm aige maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha, na grúpaí oibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 26(2) de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 19(2) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 37(2) de Threoir 2014/25/AE, agus maidir leis na príomh-fhochonraitheoirí agus na príomhsholáthróirí a bhí ar eolas tráth a tíolacadh an fógra nó an dearbhú comhiomlán nó an fógra, nó an dearbhú nuashonraithe comhiomlán. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur príomh-fhochonraitheoirí nó príomhsholáthróirí é fochonraitheoir nó soláthróir i gcás ina n-áirithítear lena rannpháirtíocht príomhghnéithe de chomhlíonadh an chonartha agus in aon chás inar mó sciar eacnamaíoch a ranníocaíochta ná 20 % deluach na tairisceana a tíolacadh.
6. Thar ceann grúpaí oibreoirí eacnamaíocha, príomh-fhochonraitheoirí agus príomhsholáthróirí, áiritheoidh an príomhchonraitheoir de réir bhrí Threoracha 2014/24/AE and 2014/25/AE nó an príomhlahmáltóir de réir bhrí Threoir 2014/23/AE go dtíolacfar an fógra nó an dearbhú. Chun críocha Airteagal 33, níl an príomhchonraitheoir nó an príomhlahmáltóir freagrach ach as cruinneas na sonraí atá nasctha lena ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais féin.

7. I gcás ina bhfuil amhras ar an údarás conarthach nó ar an eintiteas conarthach a bhfuil scrúdú á dhéanamh aige ar thairiscintí go bhfuil fóirdheontais eachtracha ann, cé gur tíolacadh dearbhú, cuirfidh sé amhras den sórt sin in iúl don Choimisiún gan mhoill. Gan dochar do chumhachtaí na n-údarás conarthach nó na n-eintiteas conarthach, a leagtar síos i dTreoracha 2014/24/AE agus 2014/25/AE, chun scrúdú a dhéanamh an bhfuil tairiscint thar a bheith íseal, ní dhéanfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach measúnú an bhfuil tairiscint thar a bheith íseal i gcás ina dtionscnófaí an measúnú sin bunaithe ar amhras lena léirítear go bhféadfadh fóirdheontais eachtracha a bheith ann, agus ar an amhras sin amháin. I gcás ina dtagann an Coimisiún ar an tátal nach bhfuil aon tairiscint a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi de réir bhrí an Rialacháin seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl don údarás conarthach ábhartha nó an t-eintiteas conarthach ábhartha. Féadfaidh daoine dlítheanacha nó nádúrtha eile aon fhaisnéis a bhaineann le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach a thuairisciú don Choimisiún agus féadfaidh siad aon amhras atá ann go bhféadfadh dearbhú bréagach a bheith déanta a chur in iúl.

8. Gan dochar don fhéidearthacht atá ag an gCoimisiún tús a chur le nós imeachta ex officio, i gcás ina measann an Coimisiún go bhféadfadh sé gur bhain oibreoir eacnamaíoch tairbhe as fóirdheontais eachtracha sna 3 bliana roimh thíolacadh na tairisceana nó an iarraidh ar rannpháirtíocht sa nós imeachta soláthair phoiblí, féadfaidh sé fógra a iarraidh faoi na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a sholáthair tríú tíortha don oibreoir eacnamaíoch sin in aon nós imeachta soláthair phoiblí nach bhfuil infhógartha faoi Airteagal 28(1) nó a thagann faoi raon feidhme Airteagal 30(4), tráth ar bith roimh dhámhachtain an chonartha. Má tá fógra faoin ranníocaíocht airgeadais sin éilithe ag an gCoimisiún, meastar gur ranníocaíocht eachtrach airgeadais infhógartha í an ranníocaíocht airgeadais i nós imeachta soláthair phoiblí agus beidh sí faoi réir na bhforálacha a leagtar amach i gCaibidil 4.

Airteagal 30

Rialacha nós imeachta is infheidhme maidir leis an réamh-athbhreithniú agus an grinn-imscrúdú ar ranníocaíochtaí airgeadais i nósanna imeachtaí soláthair phoiblí ar tugadh fógra ina leith

1. Beidh feidhm ag Airteagail 10, 11(1), (3) agus (4), 13, 14, 15, 16, 18 agus 23 maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ar tugadh fógra ina leith i nósanna imeachta soláthair phoiblí.

2. Déanfaidh an Coimisiún réamh-athbhreithniú tráth nach déanaí ná 20 lá oibre tar éis dó an fógra comhiomlán a fháil. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún síneadh 10 lá oibre a chur leis an teorainn ama sin aon uair amháin.
3. Cinnfidh an Coimisiún an dtionscnófar grinn-imscrúdú laistigh den teorainn ama chun an réamh-athbhreithniú a thabhairt chun críche agus cuirfidh sé an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann agus an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach ar an eolas gan mhoill.
4. I gcás ina raibh réamh-athbhreithniú dúnta ag an gCoimisiún gan cinneadh a ghlacadh agus ina bhfaighidh sé faisnéis nua a chuirfidh amhras air faoi iomláine fógra nó dearbhaithe a tíolacadh, nó i gcás nach n-aistreofar an fógra nó an dearbhú sin chuig an gCoimisiún, féadfaidh sé faisnéis bhreise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 29(4). Féadfaidh an Coimisiún réamh-athbhreithniú a ath-thionscnamh bunaithe ar an bhfaisnéis nua sin. I gcás ina dtionscnaítear an réamh-athbhreithniú faoin gCaibidil seo, agus gan dochar don fhéidearthacht réamh-athbhreithniú a thionscnamh faoi Chaibidil 2, de réir mar is gá, is é an túsphointe chun fad an réamh-athbhreithnithe a chinneadh tráth a gheobhaidh an Coimisiún an fógra nua nó an dearbhú nua.
5. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh lena ndúntar an grinn-imscrúdú a ghlacadh tráth nach déanaí ná 110 lá oibre tar éis dó an fógra comhiomlán a fháil. Féadfar síneadh 20 lá oibre a chur leis an tréimhse sin aon uair amháin, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás conarthach nó leis an eintiteas conarthach, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo lena n-áirítear na himscrúduithe dá dtagraítear i mír 6 nó i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 16(1), pointí (a) agus (b).

6. De mhaolú ar mhír 2, i gcás inar nós imeachta ilchéimneach é an nós imeachta soláthair phoiblí, scrúdóidh an Coimisiún an fógra comhiomlán a tíolacadh in éineacht leis an iarraidh ar rannpháirtíocht laistigh de 20 lá oibre ón bhfógra sin a fháil, gan an réamh-athbhreithniú a dhúnadh ná teacht ar chinneadh maidir le grinn-imscrúdú a thionscnamh. Tar éis don spriocdháta de 20 lá oibre dul in éag, cuirfear an réamh-athbhreithniú ar fionraí go dtí go gcuirfear tairiscint deiridh nó tairiscint isteach i gcás nós imeachta srianta. A luaithe a thíolacfar an tairiscint nó an tairiscint deiridh ina bhfuil fógra nuashonraithe comhiomlán, cuirfear tús arís leis an réamh-athbhreithniú agus beidh 20 lá oibre ag an gCoimisiún chun é a chríochnú, agus aon fhaisnéis bhreise á cur san áireamh aige. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena ndúnfar aon ghrinn-imscrúdú a dhéanfar ina dhiaidh sin laistigh de 90 lá oibre ó thíolacadh an fhógra nuashonraithe chomhlánaithe.

Airteagal 31

Cinntí ón gCoimisiún

1. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, tar éis grinn-imscrúdú a dhéanamh, go dtairbhíonn oibreoir eacnamaíoch d'fhóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach de bhun Airteagail 4, 5 agus 6, agus i gcás ina dtairgeann an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann gealltanais lena ndéantar an saobhadh sa mhargadh inmheánach a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme i bhfoirm cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 11(3). Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

2. I gcás nach dtairgeann an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann gealltanais nó i gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil na gealltanais dá dtagraítear i mír 1 iomchuí ná leordhóthanach chun an saobhadh a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme i bhfoirm cinnidh lena gcuirfear toirmeasc ar an gconradh a dhámhachtain don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann ('cinneadh lena gcuirtear toirmeasc ar dhámhachtain an chonartha'). Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2). Tar éis an chinnidh sin, diúltóidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach don tairiscint.
3. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, tar éis grinn-imscrúdú a dhéanamh, go dtairbhíonn oibreoir eacnamaíoch d'fhóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme i bhfoirm cinnidh de bhun Airteagal 11(4). Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).
4. Ní bheidh mar thoradh ar an measúnú faoi Airteagal 6 modhnú ar an tairiscint ná ar an tairiscint deiridh a thíolacfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais.

Airteagal 32

Meastóireachtaí i nósanna imeachta soláthair phoiblí lena mbaineann fógra agus fionraí dámhachtana

1. Le linn an réamh-athbhreithnithe agus an ghrinn-imscrúdaithe, féadfaidh gach céim nós imeachta sa nós imeachta soláthair phoiblí leanúint ar aghaidh, cé is moite de dhámhachtain an chonartha.

2. Má chinneann an Coimisiún grinn-imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 30(3), ní dhámhfar an Conradh d'oibreoir eacnamaíoch a mbeidh an fógra á thíolacadh aige faoi Airteagal 29 go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh faoi Airteagal 31(3) nó sula rachaidh na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 30(5) nó (6) in éag. Más rud é nár ghlac an Coimisiún cinneadh laistigh den teorainn ama is infheidhme, féadfar an Conradh a dhámhachtain d'aon oibreoir eacnamaíoch, lena n-áirítear an t-oibreoir eacnamaíoch a mbeidh an fógra á thíolacadh aige.
3. I gcás ina gcinneann an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach gur oibreoir eacnamaíoch a thíolaic an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, a thíolaic dearbhú de réir bhrí Airteagal 29 agus nár thionscain an Coimisiún athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagail 29(8), 30(3) nó 30(4), féadfar an Conradh a dhámhachtain don oibreoir eacnamaíoch a thíolacann tairiscint den sórt sin sula ndéanfaidh an Coimisiún aon cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 31 nó sula rachaidh na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagail 30(2), 30(5) nó 30(6) in éag nó sula ndéanfaidh an Coimisiún aon cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 31 maidir le tairiscintí eile atá faoi imscrúdú.
4. I gcás ina nglacann an Coimisiún cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) a bhaineann leis an tairiscint a mheasann an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach a bheith ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, féadfar an Conradh a dhámhachtain don oibreoir eacnamaíoch nach bhfuil faoi réir cinneadh faoi Airteagal 31(2) a thíolaic an chéad tairiscint eile is fearr.
5. I gcás ina nglacann an Coimisiún cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 31(1) nó (3), féadfar an Conradh a dhámhachtain d'aon oibreoir eacnamaíoch a thíolaic an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, lena n-áirítear, an t-oibreoir eacnamaíoch a thíolaic an fógra faoi Airteagal 29.

6. Cuirfidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchúí faoi aon chinneadh a bhaineann le cealú an nós imeachta soláthair phoiblí, le diúltú na tairisceana nó leis an iarraidh ar rannpháirtíocht ag an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann, le tíolacadh tairisceana nua ag an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann nó le dámhachtain an chonartha.
7. Déanfar na prionsabail lena rialaítear nósanna imeachta soláthair phoiblí, lena n-áirítear prionsabail na comhréireachta, neamh-idirdhealú, cóir chomhionann, trédhearcacht agus iomaíochas, a urramú a mhéid a bhaineann le gach oibreoir eacnamaíoch a bhfuil baint aige leis an nós imeachta soláthair phoiblí. Ní bheidh de thoradh ar an imscrúdú ar fhóirdheontais eachtracha de bhun an Rialacháin seo go ndéileálfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach leis na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar bhealach atá contrártha do na prionsabail sin. Beidh feidhm ag ceanglais chomhshaoil, shóisialta agus saothair maidir le hoibreoirí eacnamaíocha i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, nó le dlí eile de chuid an Aontais.
8. Tosóidh na teorainneacha ama dá dtagraítear sa Chaibidil seo ar an lá oibre tar éis an fógra a fháil nó tar éis an chinnidh ábhartha ón gCoimisiún a ghlacadh.

Airteagal 33

Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí

1. Féadfaidh an Coimisiún fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur mar a leagtar amach in Airteagal 17.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, fineálacha nach mó ná 1 % dá láimhdeachas comhiomlán sa bhliain airgeadais roimhe sin a fhorchur freisin ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann i gcás ina ndéanann na hoibreoirí eacnamaíocha sin, d'aon ghnó nó le faillí, faisnéis mhícheart nó mhíthreorach a sholáthar i bhfógra nó i ndearbhú de bhun Airteagal 29 nó mar fhorlíonadh air sin.
3. Féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, fineálacha nach mó ná 10 % dá láimhdeachas comhiomlán sa bhliain airgeadais roimhe sin a fhorchur ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann i gcás ina ndéanann na hoibreoirí eacnamaíocha sin na nithe seo a leanas, d'aon ghnó nó le faillí:
 - (a) mainneachtain fógra a thabhairt faoi ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 29 le linn an nós imeachta soláthair phoiblí;
 - (b) dul timpeall ar na ceanglais maidir le fógra a thabhairt nó iarracht a dhéanamh dul timpeall orthu, amhail dá dtagraítear in Airteagal 39(1).

Caibidil 5

Forálacha nós imeachta coiteanna

Airteagal 34

An gaol idir nósanna imeachta

1. Féadfaidh ranníocaíocht airgeadais ar tugadh fógra ina leith i gcomhthéacs comhchruinnithe faoi Airteagal 21 nó i gcomhthéacs soláthar poiblí faoi Airteagal 29 a bheith ábhartha agus féadfar measúnú a dhéanamh uirthi faoin Rialachán seo i ndáil le gníomhaíocht eacnamaíoch eile.
2. Féadfaidh ranníocaíocht airgeadais ar a ndearnadh measúnú i gcomhthéacs nós imeachta ex officio maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach faoi Airteagal 10 nó 11 a bheith ábhartha agus féadfar measúnú a dhéanamh uirthi faoin Rialachán seo i ndáil le gníomhaíocht eacnamaíoch eile.

Airteagal 35

Faisnéis a chur in iúl

1. I gcás ina measann Ballstát go bhféadfadh fóirdheontas eachtrach a bheith ann agus go bhféadfadh sé an margadh inmheánach a shaobhadh, déanfaidh sé faisnéis faoi sin a aistriú chuig an gCoimisiún. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise sin, cinneadh a dhéanamh tús a chur le réamh-athbhreithniú de bhun Airteagal 10, nó fógra a iarraidh de bhun Airteagal 21(5) nó Airteagal 29(8).

2. Féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach nó comhlachas aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith aige faoi fhóirdheontais eachtracha a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a shaobhadh a chur in iúl don Choimisiún. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise sin, cinneadh a dhéanamh tús a chur le réamh-athbhreithniú de bhun Airteagal 10, nó fógra a iarraidh de bhun Airteagal 21(5) nó Airteagal 29(8).
3. Cuirfidh an Coimisiún na leaganacha neamhrúnda de na cinntí uile arna nglacadh faoin Rialachán seo ar fáil do na Ballstáit agus do na húdaráis chonarthaigh nó do na heintitis chonarthaigh lena mbaineann, ar bhunachar sonraí tiomnaithe leictreonach.

Airteagal 36

Imscrúdú margaidh

1. I gcás ina dtugtar, leis an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún, bunús le hamhras réasúnach go bhféadfadh fóirdheontais eachtracha in earnáil áirithe, maidir le cineál áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó bunaithe ar ionstraim fhóirdheontais áirithe, an margadh inmheánach a shaobhadh, féadfaidh an Coimisiún imscrúdú margaidh a dhéanamh ar an earnáil áirithe, ar an gcineál áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó ar úsáid na hionstraime fóirdheontais lena mbaineann. Le linn an imscrúdaithe margaidh sin, féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar na gnóthais nó ar na comhlachais gnóthas lena mbaineann an fhaisnéis is gá a sholáthar agus féadfaidh sé na cigireachtaí is gá a dhéanamh. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar na Ballstáit nó ar an tríú tír lena mbaineann faisnéis a sholáthar freisin.
2. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, tuarascáil a fhoilsiú ar thorthaí a imscrúdaithe margaidh ar earnálacha áirithe, ar chineálacha áirithe gníomhaíochta eacnamaíche nó ar ionstraimí fóirdheontais áirithe agus barúlacha a lorg.

3. Féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas ó na himscrúduithe margaidh sin a úsáid sa chreat nósanna imeachta faoin Rialachán seo.
4. Beidh feidhm ag Airteagail 13, 14, 15 agus 17 maidir le himscrúduithe margaidh.

Airteagal 37

Idirphlé tríú tír

1. I gcás, tar éis imscrúdú margaidh a dhéanamh de bhun Airteagal 36, go bhfuil amhras ar an gCoimisiún gurb ann d'fhóirdheontais eachtracha leanúnacha lena saobhtar an margadh inmheánach, nó i gcás ina sainaithnítear, le roinnt gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin faoin Rialachán seo, fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach agus iad deonaithe ag an tríú tír chéanna, féadfaidh an Coimisiún dul i mbun idirphlé leis an tríú tír lena mbaineann chun roghanna atá dírithe ar scor nó ar mhodhnú na bhfóirdheontas sin a fhiosrú d'fhonn deireadh a chur lena n-éifeachtaí saobhacha ar an margadh inmheánach. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir le haon fhorbairtí ábhartha.
2. Ní chuirfidh an t-idirphlé tríú tíortha sin cosc ar an gCoimisiún gníomhaíocht a dhéanamh faoin Rialachán seo. Ní thabharfar aghaidh ar bhearta aonair arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo laistigh den idirphlé sin.

Airteagal 38
Tréimhsí teorann

1. Maidir le cumhachtaí an Choimisiúin faoi Airteagail 10 agus 11, beidh siad faoi réir tréimhse teorann 10 mbliana, ag tosú ar an lá a dheonaítear fóirdheontas eachtrach do ghnóthas. Aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún faoi Airteagal 10, 13, 14 nó 15 maidir le fóirdheontas eachtrach, brisfidh sí an tréimhse teorann. I ndiaidh gach briste, cuirfear tús athuair leis an tréimhse teorann 10 mbliana.
2. Maidir le cumhachtaí an Choimisiúin fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur faoi Airteagail 17, 26 agus 33, beidh siad faoi réir tréimhse teorann 3 bliana, ag tosú ar an lá a tharla an sárú dá dtagraítear in Airteagal 17, 26 nó 33. I gcás sáruithe leanúnacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, is ar an lá a thiocfaidh deireadh leis an sárú a thosóidh an tréimhse teorann. Aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún i ndáil le sárú dá dtagraítear in Airteagail 17, 26 nó 33, brisfidh sí an tréimhse teorann le haghaidh fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur. I ndiaidh gach briste, cuirfear tús athuair leis an tréimhse teorann 3 bliana.

3. Maidir le cumhachtaí an Choimisiúin cinntí lena bhforchuirtear fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla faoi Airteagail 17, 26 agus 33 a fhorfheidhmiú, beidh siad faoi réir tréimhse teorann 5 bliana, ag tosú ar an lá a ndearnadh an cinneadh ón gCoimisiún lena bhforchuirtear fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla. Aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún, nó Ballstát atá ag gníomhú arna iarraidh sin don Choimisiún, gníomhaíocht a bhfuil sé d'aidhm aici íocaíocht na fineála nó na híocaíochta pionósáí tréimhsiúla a fhorfheidhmiú, brisfidh sí an tréimhse teorann sin. I ndiaidh gach briste, cuirfear tús athuair leis an tréimhse teorann 5 bliana.
4. Rachaidh an tréimhse teorann in éag, áfach, ar an lá a bheidh tréimhse arb ionann í agus dhá oiread na tréimhse teorann imithe thart gan an méid seo a leanas a bheith déanta ag an gCoimisiún:
 - (a) cinneadh déanta de bhun Airteagal 10 nó 11 sna cásanna a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo; nó
 - (b) fineáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil forchurtha sa chás a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.
5. Cuirfear an tréimhse teorann ar fionraí fad atá cinneadh an Choimisiúin ina ábhar d'imeachtaí atá ar feitheamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 39

Imchéimniú a chosc

1. Ní dhéanfaidh gnóthas oibríochtaí airgeadais ná conarthaí a shocrú chun dul timpeall ar na ceanglais maidir le fógra a thabhairt a leagtar síos in Airteagal 21(1) agus (5) agus in Airteagal 29(1), (5) agus (8).

2. I gcás ina bhfuil drochamhras ar an gCoimisiún go ndearna gnóthas cleachtas dá dtagraítear i mír 1, nó go bhfuil sé ag gabháil do chleachtas den sórt sin, féadfaidh sé a cheangal ar an ngnóthas sin aon fhaisnéis a sholáthar a mheasann an Coimisiún is gá chun a chinneadh an raibh an gnóthas ag gabháil do na cleachtais dá dtagraítear i mír 1, nó an bhfuil sé ag gabháil do na cleachtais sin, agus féadfaidh sé athbhreithniú a thionscnamh de bhun Airteagal 21(4) nó Airteagal 30(4).

Airteagal 40

Cinntí a fhoilsiú

1. Poibleoidh an Coimisiún fógra achomair maidir leis na cinntí arna nglacadh de bhun Airteagal 10(3), pointe (a), lena gceadófar d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, do Bhallstáit nó don tríú tír a dheonaigh an fóirdheontas eachtrach a dtuairimí a chur in iúl.
2. Foilseoidh an Coimisiún na cinntí a ghlactar de bhun Airteagal 11(2), (3) agus (4), Airteagal 25(3) agus (6), agus Airteagal 31(1), (2) agus (3) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
3. Agus fógraí achomair agus cinntí á bpoibliú aige, ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar leasanna dlisteanacha na ngnóthas maidir lena rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile a chosaint.

Airteagal 41
Seolaithe cinntí

1. Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoin gcinneadh atá dírithe chuig gnóthas nó chuig comhlachas gnóthas gan mhoill agus tabharfaidh sé deis don ghnóthas nó don chomhlachas gnóthas a chur in iúl don Choimisiún cén fhaisnéis sa chinneadh a mheasann sé a bheith rúnda.
2. Cuirfidh an Coimisiún an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach lena mbaineann ar an eolas faoi chinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 31(1) agus (3) a bheidh dírithe ar oibreoir eacnamaíoch atá rannpháirteach i nós imeachta soláthair phoiblí.
3. Na cinntí a ghlactar de bhun Airteagal 29(4) agus Airteagal 31(2), díreofar iad chuig an údarás conarthach nó chuig an eintiteas conarthach lena mbaineann. Tabharfaidh an Coimisiún cóip den chinneadh sin don oibreoir eacnamaíoch a bhfuil dámhachtain an chonartha toirmiscthe dó.

Airteagal 42
Nochtadh agus cearta cosanta

1. Sula nglacfaidh an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagail 11, 12, 17, 18, 25(3), 26, 31 nó 33, tabharfaidh sé deis don ghnóthas atá faoi imscrúdú barúlacha a chur isteach maidir leis an bhforas ar a mbeartaíonn an Coimisiún a chinneadh a ghlacadh.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar cinneadh de bhun Airteagal 12 a ghlacadh go sealadach, gan deis a thabhairt don ghnóthas atá faoi imscrúdú a bharúlacha a chur isteach roimh ré, ar choinníoll go dtugann an Coimisiún an deis sin dó a luaithé is féidir tar éis dó a chinneadh a dhéanamh.
3. Is ar an bhforas ar ar tugadh deis do na gnóthais lena mbaineann a mbarúlacha a chur isteach, agus ar an bhforas sin amháin, a bhunóidh an Coimisiún a chinneadh.
4. Chun a bheith in ann a cheart a fheidhmiú de bhun mhír 1, beidh an gnóthas atá faoi imscrúdú i dteideal rochtain a bheith aige ar chomhad an Choimisiúin. Ní áireofar leis an gceart rochtana faisnéis rúnda nó doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid na mBallstát nó, go háirithe, ní áireofar leis comhfhreagras idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

Beidh an ceart rochtana ar an gcomhad faoi réir leas dlisteanach gnóthas nó comhlachas gnóthas a rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile a chosaint. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an ngnóthas atá faoi imscrúdú agus ar na gnóthais nó ar na comhlachais gnóthas a chuir faisnéis ar fáil don Choimisiún teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí chun an fhaisnéis sin a nochtadh. Mura n-aontaíonn na gnóthais nó na comhlachais gnóthas leis na téarmaí sin, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún na téarmaí ar a nochtfar an fhaisnéis a fhorchur.

Ní chuirfidh aon ní sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis a úsáid agus a nochtadh, a mhéid is gá, lena léirítear gurb ann d'fhóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach.

Airteagal 43

Sicréideacht agus rúndacht ghairmiúil

1. Ní úsáidfear faisnéis a fhaightear faoin Rialacháin seo ach amháin chun na críocha ar iarradh í, mura n-aontaíonn soláthraí na faisnéise a mhalairt.
2. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, a n-oifigigh agus daoine eile atá ag obair faoina maoirseacht go gcosnófar faisnéis rúnda arna fáil agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha ábhartha is infheidhme. Chuige sin, ní nochtfaidh siad faisnéis a chumhdaítear le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla a fuair siad de bhun an Rialacháin seo.
3. Ní chuirfidh míreanna 1 agus 2 cosc ar fhoilsiú staidrimh agus tuarascálacha nach bhfuil faisnéis iontu lena bhféadfar gnóthais shonracha nó comhlachais ghnóthas sonracha a shainaithint.
4. Ní dhéanfaidh nochtadh aon fhaisnéise arna cur in iúl faoin Rialachán seo dochar do leasanna slándála bunriachtanacha na mBallstát.

Caibidil 6

An gaol le hionstraimí eile

Airteagal 44

An gaol le hionstraimí eile

1. Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 101, 102, 106, 107 agus 108 CFAE, Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle¹ agus Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.
2. Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².
3. Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/452.
4. Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/1031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

² Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55).

³ Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2022 maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamhátais an Aontais agus maidir le nósanna imeachta a thacaíonn leis an gcaibidlíocht maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamhátais tríú tíortha (Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta - IPI) (IO L 173, 30.6.2022, lch. 1).

5. Tá tosaíocht ag an Rialachán seo ar Rialachán (AE) 2016/1035 go dtí go dtiocfaidh an Rialachán sin chun bheith infheidhme de bhun Airteagal 18. I gcás ina dtagann fóirdheontas eachtrach faoi raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/1035 agus an Rialacháin seo araon, tar éis an dáta sin, beidh tosaíocht ag Rialachán (AE) 2016/1035. Mar sin féin, tá tosaíocht ag na forálacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí agus comhchruinnithe an Rialacháin seo ar Rialachán (AE) 2016/1035.
6. Tá tosaíocht ag an Rialachán seo ar Rialachán (CEE) Uimh. 4057/86.
7. Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/712. Maidir le comhchruinnithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 20 den Rialachán seo, a bhaineann le haeriompróirí, beidh siad faoi réir fhorálacha Chaibidil 3 den Rialachán seo. Maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí a bhaineann le haeriompróirí, beidh siad faoi réir fhorálacha Chaibidil 4 den Rialachán seo.
8. Déanfar an Rialachán seo a léirmhíniú i gcomhréir le Treoracha 2009/81/CE, 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, agus le Treoracha 89/665/CEE¹ agus 92/13/CEE² ón gComhairle.

¹ Treoir 89/665/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhordú na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe chun conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí a dhámhachtain (IO L 395, 30.12.1989, lch. 33).

² Treoir 92/13/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 lena gcomhordaítear na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a bhaineann le rialacha an Chomhphobail a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta soláthair eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide (IO L 76, 23.3.1992, lch. 14).

9. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar an Aontas a chearta a fheidhmiú ná a oibleagáidí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Ní dhéanfar imscrúdú de bhun an Rialacháin seo agus ní dhéanfar bearta a fhorchur ná a choinneáil ar bun i gcás ina mbeadh imscrúdú nó bearta den sórt sin ag teacht salach ar oibleagáidí an Aontais atá mar thoradh ar aon chomhaontú idirnáisiúnta ábhartha a rinne sé. Go háirithe, ní dhéanfar aon ghníomhaíocht faoin Rialachán seo a bheadh ina gníomhaíocht sonrach in aghaidh fóirdheontais de réir bhrí Airteagal 32.1 den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh agus á deonú ag tríú tír ar comhalta den Eagraíocht Domhanda Trádála í.

Caibidil 7

Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha

Airteagal 45

Athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais

I gcomhréir le hAirteagal 261 CFAE, tá dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí lenar fhorchuir an Coimisiún fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla. Féadfaidh sí an fhíneáil nó an íocaíocht phionósach thréimhsiúil a forchuireadh a chur ar ceal, a laghdú nó a mhéadú.

Airteagal 46

Treoirlínte

1. Foilseoidh an Coimisiún, ar a dhéanaí an ... [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus tabharfaidh sé treoirlínte cothrom le dáta go rialta ina dhiaidh sin maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) cur i bhfeidhm na gcritéar chun a chinneadh an ann do shaobhadh de réir Airteagal 4(1),
 - (b) cur i bhfeidhm na tástála cothromúcháin i gcomhréir le hAirteagal 6,
 - (c) cur i bhfeidhm a chumhachta an réamhfhógra a iarraidh maidir le haon chomhchruinniú de réir Airteagal 21(5) nó ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a fhaigheann oibreoir eacnamaíoch i nós imeachta soláthair phoiblí i gcomhréir le hAirteagal 29(8), agus
 - (d) measúnú ar shaobhadh i nós imeachta soláthair phoiblí i gcomhréir le hAirteagal 27.
2. Sula n-eiseoidh sé na treoirlínte dá dtagraítear i mír 1, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le geallsealbhóirí agus leis na Ballstáit. Beidh na treoirlínte bunaithe ar an taithí a fuarthas le linn an Rialachán seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

Airteagal 47
Gníomhartha cur chun feidhme

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) foirm, ábhar agus mionsonraí nós imeachta na bhfógraí faoi chomhchruinnithe de bhun Airteagal 21, lena n-áirítear nós imeachta simplithe a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lánaird á tabhairt ar an sprioc teorainn a chur leis an ualach riaracháin do pháirtithe a thugann fógra de bhun Airteagal 21 den Rialachán seo agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004;
 - (b) foirm, ábhar agus sonraí nós imeachta fógraí maidir le ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais agus dearbhú nach ann do ranníocaíochtaí airgeadais i nósanna imeachta soláthair phoiblí de bhun Airteagal 29, lena n-áirítear nós imeachta simplithe féideartha;
 - (c) mionsonraí nós imeachta maidir le ráitis ó bhéal de bhun Airteagal 13(7), Airteagal 14(2), pointe (c) agus Airteagal 15;
 - (d) sonraí an nochta de bhun Airteagal 42 agus an rúndacht ghairmiúil de bhun Airteagal 43;
 - (e) foirm, ábhar agus sonraí nós imeachta na gceanglas trédhearcachta;
 - (f) rialacha mionsonraithe maidir le teorainneacha ama a ríomh;

- (g) na mionsonraí nós imeachta agus na teorainneacha ama maidir le gealltanais a mholadh faoi Airteagail 25 agus 31;
 - (h) rialacha mionsonraithe maidir leis na céimeanna nós imeachta dá dtagraítear in Airteagail 29 go 32 maidir le himscrúduithe i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí.
2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).
 3. Sula nglacfar aon bhearta de bhun mhír 1, poibleoidh an Coimisiún dréacht díobh agus iarrfaidh sé barúlacha laistigh den teorainn ama a leagfaidh sé síos. Socróidh an Coimisiún an teorainn ama sin agus ní bheidh sí níos lú ná ceithre seachtaine.
 4. Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh faoin ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Airteagal 48

An nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 49
Gníomhartha tarmligthe

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun leasú a dhéanamh, i gcás inar gá, ar an tairseach le haghaidh fógraí maidir le comhchruinnithe mar a leagtar amach in Airteagal 20(3), pointe (a), tríd an tairseach a mhéadú suas le 20 % nó tríd an tairseach a laghdú suas le 20 %, tar éis an méid a leanas:
 - (a) measúnú a dhéanamh ar an tairseach sin i bhfianaise na taithí a fuarthas le linn an Rialachán seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus
 - (b) a riachtanaí atá sé an tairseach sin a leasú a dheimhniú chun an méid a leanas a dhéanamh:
 - (i) deimhniú go gcumasóidh na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt a leagtar amach i gCaibidil 3 sainaitheint cruinn na bhfóirdheontas eachtrach lena saobhtar an margadh inmheánach;
 - (ii) ualach riaracháin réasúnta ar an gCoimisiún agus ar na gnóthais lena mbaineann a áirithiú; agus
 - (iii) éifeachtacht chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a fheabhsú.

2. Chun meastóireacht a dhéanamh ar a riachtanaí atá sé leasú a dhéanamh ar an tairseach le haghaidh fógra a thabhairt, de bhun mhír 1, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú féin, maidir le tréimhse shainithe ama nach bhféadfaidh a bheith níos giorra ná 2 bhliain a chumhdach, go háirithe ar bhonn na gcritéar oibiachtúil seo a leanas:
- (a) cion na bhfógraí de bhun Airteagal 21(1) arb é an toradh a bhí orthu gur dhún an Coimisiún an réamh-athbhreithniú de bhun Airteagal 10(4) nó gur ghlac an Coimisiún cinneadh neamhagóide de bhun Airteagal 25(3), pointe (b);
 - (b) cion na bhfógraí de bhun Airteagal 21(1) as ar eascair cinneadh ón gCoimisiún lena dtoirmisctear comhchruinniú de bhun Airteagal 25(3), pointe (c), nó cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 25(3), pointe (a);
 - (c) cion na bhfógraí de bhun Airteagal 21(5) arb é an toradh a bhí orthu gur ghlac an Coimisiún cinneadh lena dtoirmisctear comhchruinniú de bhun Airteagal 25(3), pointe (c), nó cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 25(3), pointe (a);
 - (d) an cion d'athbhreithnithe ex officio de bhun Airteagal 9 i gcomhthéacs comhchruinnithe nach bhfuil infhógartha de réir bhrí Airteagal 20 a raibh cinneadh lena ngabhann bearta sásaimh de bhun Airteagal 11(2) nó cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 11(3) mar thoradh orthu;

- (e) an chomparáid idir an tairseach a leagtar amach in Airteagal 20(3), pointe (a), agus an meánláimhdeachas comhiomlán), os cionn na tairísí sin, sna cásanna as ar tháinig cinneadh lena dtoirmisctear comhchruinniú de bhun Airteagal 25(3), pointe (c), nó cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 25(3), pointe (a);
 - (f) líon na bhfógraí de bhun Airteagal 21(1) agus teacht chun cinn na huimhreach sin.
3. Chun na tairseacha in Airteagal 20(3), pointe (a) a mhéadú, léireofar sa mheasúnú dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo an méid seo a leanas:
- (a) bhain cuid mhór de chinntí lena dtoirmisctear comhchruinniú de bhun Airteagal 25(3), pointe (c), nó cinntí lena mbaineann gealltanais de bhun Airteagal 25(3), pointe (a), le cásanna ina raibh an láimhdeachas comhiomlán, os cionn na tairísí sin, dá dtagraítear in Airteagal 20(3), pointe (a), i bhfad níos airde ná an tairseach sin; nó
 - (b) ba é an toradh a bhí ar chuid mhór d'fhógraí de bhun Airteagal 21(1) gur dhún an Coimisiún an réamh-athbhreithniú de bhun Airteagal 10(4) nó gur ghlac an Coimisiún cinneadh gan agóid a chur isteach de bhun Airteagal 25(3), pointe (b).
4. Chun na tairseacha i bpointe (a) d'Airteagal 20(3) a laghdú, leis an measúnú dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, léireofar an méid seo a leanas:
- (a) ba é an toradh a bhí ar chuid mhór d'fhógraí de bhun Airteagal 21(5) gur ghlac an Coimisiún cinneadh lena dtoirmisctear comhchruinniú de bhun Airteagal 25(3), pointe (c), nó cinneadh le gealltanais de bhun Airteagal 25(3), pointe (a); nó

- (b) ba é an toradh a bhí ar chuid mhór d'athbhreithnithe ex officio ar fhóirdheontais eachtracha i gcomhthéacs comhchruinnithe nach raibh infhógartha mar chomhchruinnithe de réir bhrí Airteagal 20, gur ghlac an Coimisiún cinneadh lena ngabhann bearta sásaimh de bhun Airteagal 11(2) nó cinneadh le gealltanais de bhun Airteagal 11(3).

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun leasú a dhéanamh, i gcás inar gá, ar na tairseacha maidir le fógraí mar a leagtar amach in Airteagail 28(1), pointe (a) agus 28(2) maidir le soláthar poiblí trí mhéadú suas le 20 % nó laghdú suas le 20 % a dhéanamh, tar éis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) measúnú a dhéanamh ar na tairseacha sin i bhfianaise na taithí a fuarthas le linn an Rialachán seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus
- (b) a riachtanaí atá sé na tairseacha sin a leasú a dheimhniú chun an méid a leanas a dhéanamh:
 - (i) a áirithiú gur féidir fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach a shainaithint go cruinn leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt a leagtar amach i gCaibidil 4;
 - (ii) ualach riaracháin réasúnta ar an gCoimisiún agus ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a áirithiú; agus
 - (iii) éifeachtacht chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a fheabhsú.

6. Chun críocha meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le leasú a dhéanamh ar an tairseach le haghaidh fógraí, de bhun mhír 5, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú, lena gcumhdaítear tréimhse shainithe ama nach féidir a bheith níos giorra ná 2 bhliain, go háirithe ar bhonn na gcritéar oibiachtúil seo a leanas:
- (a) cion na bhfógraí de bhun Airteagal 29(1) arb é an toradh a bhí orthu é gur dhún an Coimisiún an réamh-athbhreithniú de bhun Airteagal 10(4) nó gur ghlac an Coimisiún cinneadh gan agóid a chur isteach de bhun Airteagal 31(3);
 - (b) cion na bhfógraí de bhun Airteagal 29(1) arb é an toradh a bhí orthu é gur ghlac an Coimisiún cinneadh lena dtoirmeasctar an Conradh a dhámhachtain de bhun Airteagal 31(2) nó cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 31(1);
 - (c) cion na bhfógraí de bhun Airteagal 29(8) arb é an toradh a bhí orthu é gur ghlac an Coimisiún cinneadh lena dtoirmisctear dámhachtain an chonartha de bhun Airteagal 31(2) nó cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 31(1);
 - (d) líon na gcinntí lena ngabhann bearta sásaimh de bhun Airteagal 11(2) agus líon na gcinntí lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 11(3), tar éis athbhreithniú ex officio de bhun Airteagal 9 i gcomhthéacs ranníocaíocht eachtrach airgeadais i nós imeachta soláthair phoiblí nach raibh infhógartha de réir bhrí Airteagal 28(1) nó a tháinig faoi raon feidhme Airteagal 30(4), i ndáil le líon foriomlán athbhreithnithe ex officio den sórt sin;

- (e) an chomparáid idir na tairseacha faoi seach a leagtar amach in Airteagal 28(1), pointe (a), agus Airteagal 28(2) agus meánluach measta na gconarthaí nó meánluach na luchtóg, os cionn na tairsí faoi seach, sna cásanna as ar tháinig cinneadh lena dtoirmisctear dámhachtain an chonartha de bhun Airteagal 31(2) nó cinneadh le gealltanais de bhun Airteagal 31(1);
- (f) líon na bhfógraí de bhun Airteagal 29(1) agus teacht chun cinn na huimhreach sin.

7. Chun na tairseacha maidir le fógraí a mhéadú, léireofar leis an measúnú dá dtagraítear i mír 6 an méid seo a leanas:

- (a) bhain cuid mhór de na cinntí lena dtoirmisctear dámhachtain an chonartha de bhun Airteagal 31(2) agus cinntí lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 31(1) le cásanna ina raibh luach measta na gconarthaí, os cionn na tairsí dá dtagraítear in Airteagal 28(1), pointe (a), nó ina raibh luach na luchtóg a ndearnadh iarratas orthu, os cionn na tairsí dá dtagraítear in Airteagal 28(2), i bhfad níos airde ná na tairseacha faoi seach a leagtar amach in Airteagal 28(1), pointe (a), agus in Airteagal 28(2); nó
- (b) ba é an toradh a bhí ar chuid mhór de na fógraí de bhun Airteagal 29(1) gur dhún an Coimisiún an réamh-athbhreithniú de bhun Airteagal 10(4) nó gur ghlac an Coimisiún cinneadh gan agóid a chur isteach de bhun Airteagal 31(3).

8. Chun na tairseacha a laghdú, léireofar leis an measúnú dá dtagraítear i mír 6 an méid seo a leanas:
- (a) ba é an toradh a bhí ar chuid mhór d'fhógraí de bhun Airteagal 29(8) gur ghlac an Coimisiún cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 31(1) nó cinneadh lena dtoirmeasctar an conradh a dhámhachtain de bhun Airteagal 31(2); nó
 - (b) ba é an toradh a bhí ar chuid mhór d'athbhreithnithe ex officio ar fhóirdheontais eachtracha airgeadais i gcomhthéacs ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais i nós imeachta soláthair phoiblí nach raibh infhógartha de réir bhrí Airteagal 28(1) nó a tháinig faoi raon feidhme Airteagal 30(4), gur ghlac an Coimisiún cinneadh lena ngabhann bearta sásaimh de bhun Airteagal 11(2) nó cinneadh lena ngabhann gealltanais de bhun Airteagal 11(3).
9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun na hamlínte le haghaidh réamh-athbhreithniú agus grinn-imscrúduithe a laghdú mar a leagtar amach in Airteagal 25(2) agus (4) maidir le comhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith agus in Airteagal 30(2), (5) agus (6) maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ar tugadh fógra ina leith i nósanna imeachta soláthair phoiblí. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh chun na hamlínte in Airteagal 25(2) agus (4) agus Airteagal 30(2), (5) agus (6) a laghdú i gcás ina léiríonn cleachtas an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo gur féidir measúnú an Choimisiúin a dhéanamh laistigh de thréimhse ama níos giorra.

Airteagal 50
An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 49(1) agus (5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón ... [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 49(9) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón ... [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, murar rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 49(1), (5) agus (9) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

5. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
6. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 49(1) (5) agus (9) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 51

Gníomhartha tarmligthe ar leith do chumhachtaí tarmligthe éagsúla

Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe ar leithligh maidir le gach cumhacht a tharmligfear chuige de bhun an Rialacháin seo.

Airteagal 52

Tuairisciú agus athbhreithniú

1. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
2. Faoi ... [3 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar a chleachtas maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 4, 5, 6 agus 8, agus na tairseacha maidir le fógra a thabhairt a leagtar amach in Airteagal 20(3), Airteagal 28(1) agus (2), agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a mbeidh tograí reachtacha ábhartha ag gabháil léi, i gcás ina measann an Coimisiún gurb iomchuí sin. I gcomhthéacs a athbhreithnithe, tuairisceoidh an Coimisiún ar fhorbairtí sa chaidreamh idirnáisiúnta maidir le córais rialaithe fóirdheontais tríú tíortha.
3. I gcás ina measann an Coimisiún gurb iomchuí an tuarascáil a chomhcheangal le tograí reachtacha ábhartha, féadfar na nithe seo a leanas a áireamh sna tograí sin:
 - (a) na tairseacha maidir le fógraí a leasú mar a leagtar amach in Airteagail 20 agus 28;

- (b) catagóirí áirithe gnóthas lena mbaineann a dhíolmhú ón oibleagáid fógra a thabhairt de bhun Airteagail 21 agus 29 go háirithe i gcás inar féidir, le cleachtas an Choimisiúin, gníomhaíochtaí eacnamaíocha a shainaithint i gcás nach dócha go ndéanfaidh fóirdheontais eachtracha saobhadh sa mhargadh inmheánach;
- (c) tairseacha sonracha d'fhógraí d'earnálacha eacnamaíocha áirithe nó tairseacha difreáilte le haghaidh cineálacha éagsúla conarthaí soláthair phoiblí a bhunú, go háirithe i gcás inar féidir, le cleachtas an Choimisiúin, gníomhaíochtaí eacnamaíocha a shainaithint i gcás inar dóchúlra go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh le fóirdheontais eachtracha, lena n-áirítear maidir le hearnálacha straitéiseacha agus bonneagar criticiúil;
- (d) na hamlínte maidir le hathbheithniú agus grinn-imscrúduithe a leagtar amach in Airteagail 25 agus 30 a leasú;
- (e) an Rialachán seo a aisghairm, má mheasann an Coimisiún go bhfuil an Rialachán seo iomarcach go hiomlán de bharr rialacha iltaobhacha chun aghaidh a thabhairt ar fhóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach.

Airteagal 53

Forálacha idirthréimhseacha

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fóirdheontais eachtracha a deonaíodh le linn na 5 bliana roimh ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcás ina saobhtar, le fóirdheontais eachtracha den sórt sin, an margadh inmheánach tar éis an ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

2. De mhaolú ar mhír 1, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais a deonaíodh sna 3 bliana roimh an ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcás inar deonaíodh na ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais sin do ghnóthas a thugann fógra faoi chomhchruinniú nó a thugann fógra faoi ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí de bhun an Rialacháin seo.
3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le comhchruinnithe ar cuireadh an comhaontú i gcrích ina leith, a fógraíodh an tairiscint phoiblí ina leith, nó a bhfuarthas leas rialaithe ina leith roimh an ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].
4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le conarthaí soláthair phoiblí a deonaíodh nó nósanna imeachta soláthair phoiblí a tionscnaíodh roimh an ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Airteagal 54

Teacht i bhfeidhm agus dáta chur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*
2. Beidh feidhm aige ... [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 47 agus 48 ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus beidh feidhm ag Airteagal 14(5), (6) agus (7) ón ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
4. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 21 agus 29 ón ... [9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

Tá trí ráiteas déanta maidir leis an ngníomh seo agus is féidir teacht orthu in [Oifig IO chun an méid seo a leanas a sholáthar: IO C XXX, XX.XX.2022, lch. XX] agus ag an nasc [na naisc] seo a leanas: [Oifig IO: Cuir isteach, le do thoil, an nasc [na naisc] chuig na dearbhuithe].
